

SÁRMHAITHÉAS TRÍD AN  
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
*Laois and Offaly  
Education and Training Board*

# TUARASCÁIL BHLIANTÍÚIL 2016

[www.loetb.ie](http://www.loetb.ie)



**loetb**


Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
*Laois and Offaly  
Education and Training Board*



## Brollach leis an gCathaoirleach

**I**s cúis mhór áthais dom chun fáilte a fhearadh roimh an Tuarascáil Bhliantúil 2016 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (LOETB). Faightear sa tuarascáil seo rath an eagrais le forbairt ár ról aitheanta laistigh den phobal mar sholáthraí deiseanna oideachais agus oiliúna den scoth, logánta agus inrochtana do gach aoisghrúpa. Tá éilimh ár mac léinn tar éis bheith lárnach don tseirbhís a sholáthar an LOETB, agus is é an fócas lena gcumasófar sinn chun éilimh oideachais agus oiliúna an réigiúin a shásamh agus muid ag bogadh ar aghaidh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hiar-bhaill agus le baill reatha foirne a oibríonn go díograiseach chun a chinntiú gur fheidhmigh trasdul an eagrais a chinntiú chuig sainchúram níos forleithne na mBord Oideachais agus Oiliúna go héifeachtach agus go héifeachtúil do Laois agus d'Uíbh Fhailí. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do gach ball LOETB, don Phríomhfheidhmeannach, don Uas. Joe Cunningham agus dá fhoireann feidhmiúcháin as ucht a saothair chrua agus a ndíograise. Guím gach rath orthu amach anseo.



Cllr. Caroline Dwane-Stanley

**Cathaoirleach**



## Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2016 an LOETB a chur faoi bhur mbráid. Soláthraítear deis leis an tuarascáil seo chun machnamh ar an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí a dhéanann scoileanna, ionaid, agus seirbhísí ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí i rith na bliana 2016. Leagtar amach sa tuarascáil na gnéithe gaolmhara airgeadais, soláthair, acmhainní daonna agus rialachais chorparáidigh de shaothar an ETB i rith na tréimhse. D'fhan fócas an eagrais tairiseach sa bhliain 2016 agus muid ag féachaint chun na deiseanna oideachais agus oiliúna den scoth is airde ar feadh an tsaoil do gach pobal ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. Is comhartha é an líon méadaitheach daltaí a fhreastalaíonn ar ár Scoileanna agus ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna do rath leanúnach ár saothair.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil trí chéile le:

- Leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí Boird as ucht a gcomhoibrithe ghníomhaigh chun gnó LOETB a chur chun cinn ar go leor bealaí sa bhliain 2016;
- Le comhaltaí na mBord Bainistíochta agus na gcoistí den ETB a thugann a gcuid ama go flaithiúil chun saothar an Bhoird a chur chun cinn;
- Le lucht bainistíochta agus le baill foirne ár scoileanna, lárionad, seirbhísí agus oifigí riaracháin as ucht a dtiomantais, ndúthrachta agus a ndílseachta leanúnaí.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt do scor na mball foirne is faide, agus guím sláinte agus sonas orthu don todhchaí. Tá an LOETB fíorbhuíoch dóibh as ucht a seirbhíse gairmiúla agus tiomanta don eagrais.

Joe Cunningham

**Príomhfheidhmeannach**

# CLÁR ÁBHAR

## CUID 1

### LOETB

Ráiteas Misin	6
Comhaltaí Boird	7
Ionaid	8

## CUID 2

### Iar-Bhunscoileanna

Ard Scoil Chiaráin Naofa	12
Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna	13
Coláiste Chluain na Slí	14
Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic	15
Coláiste Pobail Oaklands	16
Coláiste Phort Laoise	17
Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh	19
Coláiste Thulach Mhór	21

## CUID 3

### Cláir agus Seirbhísí Breisoideachais

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna	
Mhainistir Laoise	24
An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach (AEGIS)	25
Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh	28
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair	31
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra	33
Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhiorra	34
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirthigh	35

### PG. 6

### PG. 11

### PG. 23

Seirbhís Oideachais Phobail	37
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire	38
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílíc	40
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúl an tSúdaire	42
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise	43
Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise	44
Lárionad Oideachais Phríosúin	46
Seirbhísí Oiliúna	47
Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór	52
Dearbhú Cáilíochta	55

## CUID 4

### Seirbhísí Óige

Seirbhísí Oibre Óige	57
Scéim Deontais do Chumainn Óige Áitiúla	59

## CUID 5

### Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin

Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin	61
An Rialachas Corparáideach	62
Struchtúr Eagrúcháin	65
Tuairisc Airgeadais	66
Tuairisc Éifeachtúlachta Fuinnimh	74
Tuairisc faoi Acmhainní Daonna	81

### PG. 60



# CUID 1

## Boird Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF)

---

### R Á I T E A S M I S I N

---

*Chun seirbhís oideachais chuimsitheacht agus bhríomhar a sholáthar, a chur chun cinn, agus chun tacú léi; lena gcumasófar munitir Laoise agus Uíbh Fhailí chun a lánchumas a bhaint amach agus chun a bpobail a shaibhriú.*

## Comhaltaí Boird



Cheap an LOETB Bord 21 comhalta i gcomhréir le Cuid 3 (Comhaltaí na mBord Oiliúna agus Oideachais) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

D'fheidhmigh na daoine seo a leanas mar chomhaltaí LOETB sa bhliain 2016:

### Comhaltaí Údaráis Áitiúil

An Cmlr. John Carroll  
 An Cmlr. Eamon Dooley  
 An Cmlr. Sinead Dooley  
 An Cmlr. Caroline Dwane-Stanley  
 An Cmlr. Catherine Fitzgerald  
 An Cmlr. Eddie Fitzpatrick  
 An Cmlr. John King  
 An Cmlr. Jerry Lodge  
 An Cmlr. Paschal McEvoy  
 An Cmlr. Liam Quinn  
 An Cmlr. Mary Sweeney  
 An Cmlr. Tháinig Carol Nolan  
 \* **in ionad an Cmlr. Sean Maher i mí an Mhárta 2016**

### Comhaltaí Údaráis Áitiúil

Vivienne Keenan, Uasal  
 William Flanagan **in ionad an Uas. Denis Magner \* i mí na Samhna 2016**

### Ionadaithe Tuismitheoirí

Mary Cotter-Bracken, Uasal  
 An tUas. Shane Hand

### Ionadaithe Pobail


Molly Buckley, Uasal  
 Anne Starling, Uasal  
 Frank Smith, Uasal  
 Maura Brophy, Uasal  
 An tUas. Joe Thompson



**loetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

## Suíomhanna





## LAOISE

<b>Port Laoise:</b>	Oifigí Riaracháin Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise Lárionad Oideachais Phríosúin Lár na Tíre Lárionad Oideachais Phríosúin Phort Laoise Coláiste Phortlaoise
<b>Cluain na Slí:</b>	Coláiste Chluain na Slí
<b>Mainistir na Laoise:</b>	Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise
<b>Cúil an tSúdaire:</b>	Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire
<b>Móinteach Mílic:</b>	Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic
<b>Ráth Domhnaigh:</b>	Coláiste Naomh Fhearghail Ráth Domhnaigh

## UÍBH FHAILÍ

<b>An Tulach Mhór:</b>	Oifigí Riaracháin Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór Coláiste Thulach Mhór
<b>Clóirtheach:</b>	Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach
<b>Cill Chormaic:</b>	Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic
<b>Éadan Doire:</b>	Coláiste Pobail Oaklands Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire
<b>Beannchar:</b>	Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair
<b>Mount Lucas:</b>	Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair
<b>Biorra:</b>	Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhorra Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhorra



# CUID 2

## Iar-Bhunscoileanna

---

## Scoileanna

**Paul Fields, Stúirthóir Scoileanna (ceaptha an 1 Nollaig 2016)**

**Linda Tynan, Stúirthóir Scoileanna (Eanáir chuig Samhain 2016)**

**Oifigí Riaracháin LOETB, Bóthar an Droma, Port Laoise, Co. Laoise.**

**Teileafón: (057) 8671316 Ríomhphost: pfields@loetb.ie**

Soláthraíonn LOETB seirbhísí oideachais in ocht\* gcoláiste pobail ar fud an dá chontae. Is comhoideachasúil agus ilchreidmheach iad gach scoil, agus is cuimsitheach iad i leith gach dalta. Tacaítear le daltaí chun a lánchumas pearsanta agus acadúil féin a ghnóthú.

Soláthraítear cláir don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht chomh maith le Cláir Idirbhliana, Ardteistiméireachta Feidhmí, agus Gairmiúla. Áirítear leis na seirbhísí eile treoir gairme, gníomhaíochtaí spórtúla, nascadh scoile, agus aistir oideachasúla. Soláthraítear cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta fresin thar réimhe ábhar ag Coláiste Phort Laoise, Coláiste Thulach Mhór agus ag Coláiste Bheannachair.

Riarann LOETB Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP) freisin. Is é an SCP a bhíonn freagrach as sainathint agus rianú luathfhágálaithe scoile féideartha, agus as tacaíochtaí a fhorfheidhmiú chun an beart sin a athrú.

## SCOILEANNA

### Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

### Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna

### Coláiste Chluain na Slí

### Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic

### Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

### Coláiste Phort Laoise

### Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh

### Coláiste Thulach Mhór

\* Bronnadh pátrúnacht ar LOETB (leis An Foras Pátrúnachta mar Pháirtí is Iontaobhaí) d'iar-bhunscoil nua i bPort Laoise. Osclóidh an scoil nua, Coláiste Dhún Másc, i mí Mheán Fómhair 2017, lena n-áireofar Aonad Lán-Ghaeilge.



**loetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

## Árd Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

Sráid Frederic, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí

Príomhoide: Roger Mac Eochagáin

Leas-Phríomhoide: Miriam Hickey

Fón: 057 9331231

Ríomhphost: [secretary@ascnclara.com](mailto:secretary@ascnclara.com)

Rollú 2016/2017: 275

### Éachtaí sa bhliain 2016:

- CD Rathúil Scoile
- Searmanais Bhronnta Gradam do Dhaltaí Rathúla
- Forbairt leanúnach 'Lárionad Bhrosna' – Rang Speisialta chun fónamh do dhalataí le diagnóis ASD.
- Forbairt leanúnach phroinnteach na scoile i gcomhar le 'The School Food Company' chun cur ar ár gcumas réimse roghanna bia te agus sláintiúil a sholáthar.
- Reáchtáladh 'Seachtain don Bhia Sláintiúil agus don Aclaíocht', agus leanadh ar aghaidh leis an aistear chun éirí ina 'Scoil ina gCuirtear chun Cinn an tSláinte' (HPS).
- Seachtain na Litearthachta a tharla i rith mhí na Nollag 2016
- Treocht mhéadaitheach leanaúnach um rollú agus um shampláil ábhar leanúnach le daltaí ón gCéad bhliain.
- Leanadh ar aghaidh leis an rath i réimse gníomhaíochtaí spórtúla agus seach-churaclaim lena n-áirítear peil, galf, teilgean & amas, badmantan, sacar, an óráidíocht phoiblí agus an díospóireacht.
- Bhíodh tionchar fiordhearfach ag 'Living for Sports Programme' le Sky Sports i gcónaí ar rannpháirtíocht agus inspreagadh na ndaltaí.
- Scoileanna Glasa - rannpháirtíocht leanúnach
- Aistear Scoile Rathúil
- Uasghrádú leanúnach ár láithreáin ghréasáin

# Coláiste Bheannchair - Coláiste na Sionna

Beannchar, Co. Uíbh Fhailí

Príomhoide: Paddy Scales

Leas-Phríomhoide: Kevin Jordan

Fón: 057 9151323

Ríomhphost: admin@bccns.ie

Rollú 2016/2017: 548

Ábhair nó cláir nua a tugadh isteach i rith na bliana (lenar áiríodh ábhair Iar-Ardteistiméireachta)

## Gníomhaíochtaí agus imeachtaí i rith na bliana 2016:

- Badmantan
- Camógaíocht Shóisearach & Shinsearach
- Iománaíocht & Peil Shóisearach & Shinsearach
- Sacar
- Aistear Dara Bliain chun Barcelona
- Aistear Allamuigh Tíreolais do Dhaltaí Ardteistiméireachta
- Aistear daltaí ón gCéad Bhliain chuig Tayto Park le Cairde Group
- Aitheasc Chéad Bhliain do Thuismitheoirí
- Aonach Gairmthreorach & Coláistí
- Aistir Ghairmthreorach chun Coláistí
- JCSP Make a Book
- Bronnadh na nDeimhniúchán JCSP
- Gradaim Eoin Pól II
- Aistir CSPE
- Bronnadh na nDeimhniúchán Freastail
- Taithí Oibre - LCVP
- Spóirt Chontae
- Seimineár Spórt
- Aistear Fisice
- Oíche Oscailte
- Seachtain Cairis/Frithbhulaíochta
- Comórtas Ealaíne na gComhar Creidmheasa
- Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí
- Buzzworks
- Seachtain na hEolaíochta
- Aistear chun Lourdes
- Ceol Carúl
- Oíche Eolais don Chéad Bhliain
- Aitheasc Poiblí faoin Meabhairshláinte
- Spóirt Scoile
- Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Aitheasc do Thuismitheoirí um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Comóradh 1916
- Aistear na nDaltaí Idirbhliana buacacha i gComórtas Euroscola chun Strasbourg

Tógáil Foirne Idirbhliana in Bay Sports i mBaile Átha Luain, Gradaim Ghaise, Karate, Cinn Foirne do Formula 1™ Chequered Flag, Modúl Idirbhliana 1, 2, 3, Sraithchomórtais Boccia, ECDL, Banc Scoile Bhanc na hÉireann / Taithí Oibre Idirbhliana / Geamaireacht na Nollag / Ceol Carúl /

Nuachtlitir na hIdirbhliana, Ceardlann SOAR, Snámh, Damhsa Sóisialta, Cuairt ar Scoil Chócaireachta Clough Jordan House, Cúrsa Gairmeoireachta, Aistear chun Cill Áirne, ;

- Elma Walsh, máthair le Donal Walsh nach maireann a labhair leis na ranganna sinsearacha.
- Garchabhair: An tUas. Raymond Murphy - Bunchúrsa Garchabhrach don rang Idirbhliana thar 3 lá.
- Psycho Spaghetti: Coiméide le Ger Carey in Amharclann Tuar Ard sa Mhóta.
- Féile Scannánaíochta as Líne Bhorra i mí Dheireadh Fómhair.
- Comórtais Fiontraíochta, Cuairteanna ar Scoileanna Cócaireachta, Junior Achievement Ireland, Lá Oscailte na Fisice in OÉG, an Óráidíocht, Scoileanna Glasa, Garchabhair srl.



**loetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

## Coláiste Chluain na Slí

Cluain na Slí, Co. Laoise

Príomhoide: Noreen Sweeney

Leas-Phríomhoide: John Lee

Fón: 057 8648044

Ríomhphost: [info@clonasleecollege.ie](mailto:info@clonasleecollege.ie)

Rollú 2016/2017: 262

### Éachtaí sa bhliain 2016:

- Torthaí den scoth sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht. Ghnóthaigh dalta amháin 575 pointe san Ardeistiméireacht, agus ghnóthaigh go leor daltaí eile thar an tairseach 500 pointe.
- An Tríú Bratach Ómraich gnóthaithe ag daltaí na hIdirbhliana do chur chun cinn na meabhairshláinte dearfaí.
- Cuireadh Bréagagallaimh na hArdeistiméireachta ar siúl Dé Máirt 16 Bealtaine. Chuaigh caighdeán ard na ndaltaí i gcion go mór ar gach fostóir agus agallóir.
- Lá Oscailte / Oíche Oscailte a bhí ar siúl i mí Eanáir do dhaltaí nua na Céad Bliana. 55 iarratas nua ar rollú.
- D'fhoilsigh Daltaí Gnó na hIdirbhliana 3 leabhrán mar chuid dá modúl fontair.
- Bhuaigh dalta na hIdirbhliana an 2ú duais trí chéile ag SciFest le tionscadal faoin bPéist Ae.
- Aistear iontach Bitheolaíochta ag Rang na hArdeistiméireachta chun cladaigh i nGaillimh.
- Aistear na hIdirbhliana chun na hIodáile i mí Aibreáin.
- Ghlac foireann cispheile cailíní an dara bhliain rannpháirt i Srait A den chéad uair riamh. Bhain amach comórtas babhtaí cáilithe Uile-Éireann. Cloíodh le Cill Áirne le farasbarr beag, an fhoireann a bhuaigh an Craobh Uile-Éireann.
- Bhuaigh foireann iománaíochta shinsearach na mbuachaillí Craobhchomórtas 'C' Laighean den chéad uair riamh i stair na scoile.

# Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic

Cill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí

Príomhoide: Brian Kehoe

Leas-Phríomhoide: Victoria Guinan

Fón: 057 9135048

Ríomhphost: [mail@cnckilcormac.ie](mailto:mail@cnckilcormac.ie)

Rollú 2016/2017: 180

## Rath sna Scrúduithe:

- Bhí torthaí den scoth sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht sa bhliain 2016.
- D'éirigh thar cionn leis an scoil i ngradaim Theastais Shóisearaigh agus Ardteistiméireachta ETTA i leith na dtionscadal scrúduithe stáit ab fhearr.
- Fuair an t-iardhalta Mary Nevin Scoláireacht UCD don Fheabhas Acadúil ó UCD féin.

## Cigireachtaí Ábhar:

Fuair an scoil Imscrúdú Teagmhasach i mí na Samhna 2016, agus fuair tuairisc fhíordhearfach.

## Éachtaí/ Imeachtaí sa bhliain 2016:

- Rollú isteach sa Chéad Bhliain 2016 a bhí 3 hoiread an líon a rollaíodh sa Chéad Bhliain 2015.
- Grúpa Ceoil Traidisiúnta na Scoile, an t-aon scoil ó Uíbh Fhailí i gcomórtas ceannais chomórtais cheoil Siamsa le Gael Linn.
- Rith carthanachta 5km a tharla mar chabhair le Clinic Ghortaithe Inchinne Teach Fáilte i gCnocán Bhólais.
- Chuaigh na daltaí sóisearacha ar aistear chun Barcelona i mí Dheireadh Fómhair.
- D'éirigh thar barr le Lá an Fhorógra an 15 Márta. Áiríodh leis na haíonna speisialta an lá úd John Bulfin, garmhac le hEamon Bulfin agus An Briogáidire-Ghinearál James Cullen ó arm SAM.
- Bhuaigh daltaí chúig bliana in Eolaíocht na Talmhaíocht an chatagóir 'Relevance to Farm Safety' i gcomórtas ilmheán an HSA um Shábháilteacht ar Fheirmeacha.
- Tógadh polathollán nua ag an scoil, agus baineann na daltaí leas as chun glasraí a shaothrú agus a dhíol. Taisceadáin nua do gach dalta sa scoil.
- Tháinig an fhoireann Bhadmantain faoi 16 sa dara háit ag an Uile-Éireann, níor chaill siad ach cluiche amháin le Ceann Toirc ó Chorcaigh.
- B'í an chéad uair a chuaigh an scoil isteach i bParáid Chill Chormaic, agus bronnadh corn cuimhneacháin Joe Colman orthu.
- Reáchtáladh Seachtain na Meabhairshláinte Dearfaí i mí Dheireadh Fómhair.
- Tharla teacht le cheile an ranga ón mbliain 1991 Dé Sathairn 15 Deireadh Fómhair sa scoil.
- Glacadh iomlán le daltaí ón Tríú Bliain isteach i gclár Idirbhliana na scoile.
- Chuir an scoil foirne chun imeartha i spóirt éagsúla, go háirithe Peil na mBan den chéad uair.



**loetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

## Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

Ascaill na Siúrach Seanán, Éadan Doire,  
Co. Uíbh Fhailí

Fón: 046 9731573

Ríomhphost: [secretary@oaklandscs.ie](mailto:secretary@oaklandscs.ie)

Príomhoide: **Gerry Connolly**  
Leas-Phríomhoide: **Richard Murphy**

Rollú 2016/2017: 711

### Éachtaí sa bhliain 2016:

- Méadú um rollú faoi os cionn 60 dalta.
- Comhoibriú leanúnach le Shandon Language School le beirt mhac léinn malairte Spáinneacha san Idirbhliain.
- Aonach Gairmeacha Iar-bhunscoile Éadan Doire (45 seastán) & 3 óráid do dhaltaí idirbhliana, ón gcúigiú agus ón séú bliain an 18 Deireadh Fómhair 2016 – nasc le hUas. Harrington agus Joan O’Sullivan, Iar-Bhunscoil Naomh Muire.
- Slánaíodh cistiú €47,000 do Thionscadal Erasmus. Is clár é Erasmus Plus do Scoileanna ina ligtear d’oidí chun CPD san AE a fháil trí Chúrsaí Struchtúrtha nó trí Leanúint Poist.
- Bhain Foireann Peile Shinsearach Oaklands Craobh Uile-Éireann Roinn 4 amach.
- Reáchtáladh an tSeachtain Sláinte & Sonais an tseachtain dar tús an 20 Márta, agus d’éirigh go hiontach léi uair amháin eile. Ba iad daltaí na hidirbhliana a d’eagraigh í.
- Bunú fhoireann eachaíochta na scoile.
- Ghlac 75 dalta rannpháirt i nDúshlán Gaisce Cré-Umha an Uachtaráin.
- Daltaí Oaklands a ghlac páirt san Astronaut Challenge Team ag lárionad NASA in Florida.
- Gradaim Mheán Óige Náisiúnta Drugs.ie: Honeya Butt, Molly Teehan agus Caroline Latkowska. Comórtas na bpóstaer 1ú agus 2ú bliain.



## Coláiste Phort Laoise

Bóthar Mhaighean Rátha,  
Port Laoise, Co. Laoise

Fón: 057 8621480

Ríomhphost: [info@portlaoiscollege.ie](mailto:info@portlaoiscollege.ie)

Príomhoide: Noel Daly  
Leas-Phríomhoide: Patricia Cullen

Rollú 2016/2017: 801 lena  
n-áirítear 372 Iar-Ardteiste

### Ábhair/Cláir nua a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2016:

An Pholaitíocht agus an tSochaí/Eolaíocht Fheidhmeach Iar-Ardteiste/  
Ardteastas Iar-Ardteiste sa Traenáil Phearsanta

### Torthaí Rathúla sna Scrúduithe sa bhliain 2016:

- Torthaí den Scoth san Ardteistiméireacht / sa Teastas Sóisearach
- Chuaigh 70% de na daltaí isteach san Oideachas Tríú Leibhéal
- Faigheann 57% de dhaltaí iar-ardteiste Teastais iomlána

### Feabhsuithe/Breiseáin d’Fhoirgnimh:

- Péinteáil.
- Giomáisiam athlonnaithe chuig rannóg Breisoideachais.
- Limistéar taisceadán don 6ú Bliain.
- Taisceadán bhreisoideachais.
- Suíocháin lasmuigh.
- Síneadh Wi-Fi.
- Tuilsoilse don raon reatha.
- Rochtain ag tuismitheoirí ar VS Ware (freastal, tuairiscí scoile, tráthchlár, teachtaireachtaí scoile).
- Saotharlann Eolaíochta Nua.

### Éachtaí Spórt/Carnadh Cistiú/Aistir Allamuigh srl.:

- Ghlac cliar agus criú thar 60 duine rannpháirt i Seó Tallann sa Scoil.
- D’fheidhmigh an scoil mar óstach do Sheachtain Feasachta Coláiste.
- Ghlac daltaí ón 2ú bliain rannpháirt sa Tionscadal An Coláiste do gach Dalta.
- Thug daltaí Gnó ón 1ú Bliain cuair ar an Chocolate Garden i dTulach.
- Aistear nasctha na hIdirbhliana chun Acla.



- Bhí 2 dhaltáí san iomaíocht sna Trialacha do Chapail Seilge i nGairmscoil na Buiríse.
- Curaithe Laoise - Futsal an 1ú Bliain.
- Bhí Institiúid Phort Laoise san iomaíocht sa tSraith Ardoideachais agus sa Chraobhchomórtas den chéad uair.
- Aonach Ceardaíochta na Nollag lenar bhain 45 seastán agus cuairt ó bhunscoileanna áitiúla agus cúram lae
- Bhí daltaí na hidirbhliana rannpháirteach i gClár Leighis na Tríonóide agus i gClár na Leabharlainne Dlí don Idirbhliain.
- Thug daltaí na hidirbhliana cuairt ar Ghleann Dá Loch agus ar Dhún Éideann.
- Reáchtáladh Comhdháil um Cheannaireacht Daltaí i gColáiste Phort Laoise.
- D'ardaigh Comhairle na dTuismitheoirí os cionn €40,000 i leith scoil bus nua in Ócáid Tiomsaithe Airgid ar stíl Strictly Dancing.
- Thug 60 dalta cuairt ar an Lárionad Spáis thall sa Bheilg.
- Aistear na hidirbhliana chun Barcelona.
- Ba í Bláthnaigh Ní Chofaigh an t-aoi speisialta ag an Oíche do Ghradaim bhliantúla.
- Bronnadh an Bhratach Ómrach ar Choláiste Phort Laoise.
- Aistear cultúrtha na hidirbhliana chun Baile Átha Cliath.
- Cuairt fontair na hidirbhliana ar na Cúirteanna Coiriúla.
- Bhí beirt dhaltáí ón 5ú Bliain san Eacnamaíocht Bhaile san iomaíocht i gcluiche ceannais chomórtas cócaireachta an Rotary Club.
- Bhí triúr daltaí ón 2ú Bliain san iomaíocht i gcomórtas na nEolaithe Óga.
- Ghlac daltaí rannpháirt i gceardlann idirghníomhach san Eolaíocht Fhóiréinseach.
- D'fheidhmigh Coláiste Phort Laoise mar óstach do cheardlann STEM fhíor-rathúil i gcomhair daltaí bunscoile.
- Thiomsaigh na daltaí €5,000 d'Fhondúireacht Donal Walsh ach rith/siúl 5k a eagrú.
- Bronnadh an teideal "Scoil Ghradaim ón 21ú hAois" ar Choláiste Phort Laoise don dara bliain as a chéile in ómós dár saothar leis gClár don Choláiste i leith gach Dalta (CFES).
- Aistear Staire an 2ú Bliain a thug cuairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ar Bheairic Uí Choileáin.

# Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaig

Ráth Domhnaigh, Co. Laoise

Príomhoide: Áine O'Neill

Leas-Phríomhoide: Sean Conroy

Fón: 0505 46357

Ríomhphost: [admin@stfergalscollege.com](mailto:admin@stfergalscollege.com)

Rollú 2016/2017: 292

## Éachtaí sa bhliain 2016:

- Torthaí na hArdteiste: Bhain 11 daltaí ní ba mhó ná 400 pointe amach, le triúr acu ag sárú 500. Sháraigh 10 eile an meánmharc náisiúnta de 300 pointe, agus ghnóthaigh 44 as na 45 cúig phas ar a laghad.
- Torthaí an Teastais Shóisearaigh: as 46 dalta san iomlán, ghnóthaigh 8 acu 10 onórach ardleibhéil agus ghnóthaigh 4 eile 9 gcinn. Torthaí iontacha amach is amach, agus ghnóthaigh siad go léir seacht bpas ar a laghad.
- Cuireadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach leis na cúrsaí ar fáil; chláraigh seisear daltaí di. Tugadh oiliúint do mhúinteoirí i rith na scoilbhliana, agus leanfaidh sí sin ar aghaidh an chéad bhliain eile.
- D'éirigh leis an bhfoireann Lúthchleasaíocht i gcluiche ceannais Laighean Theas, ag buachan roinnt bonn.
- Bhuaigh na hIománaithe Sóisearacha an comórtas do Laighin Thuaidh.
- Rinne daltaí na hidirbhliana cúrsa sé seachtaine san Aireachas arna reáchtáil ag AWARE. Bhí seimineár ag daltaí an 6ú bliain an 19 Eanáir.
- Tharla Seachtain an Aireachais agus na Meabhairshláinte idir 18-22 Eanáir.
- 10-12 Feabhra: Aonach na Leabhar, arna eagrú ag Comhairle na nDaltaí, a fuair tacaíocht láidir ón bhfoireann agus dhaltaí sa Choláiste agus ó bhail an phobail. Fógraíodh an imeacht sna Scoileanna Náisiúnta áitiúla.
- Lá Comórtha an 15 Márta. Chuir daltaí ón séú bliain crann chun comóradh orthu siúd go léir ón mórcheantar a chaill a gcuid beatha sa bhliain 1916, san Éirí Amach nó sa Chéad Chogadh Domhanda. Tháinig searmanas ardaithe brataí ina dhiaidh sin. Léigh an dalta Daragh Carroll dán a chum sé go speisialta chun comóradh a dhéanamh ar 1916, le ceol agus amhráin ina ndiaidh ón gCór agus ón mbuíon cheoil. Ba iad Colm Kirby-O'Colmain agus an tUas. Conroy a léigh an Forógra, a d'ardaigh ansin an bhratach agus na daltaí ag canadh Amhrán na bhFiann.



- Aibreán 6-9 Taispeántas ealaíne, " Eclectic Fusion", arna eagrú ag daltaí na hIdirbhliana, faoi threoir Uas. Kennedy, a cuireadh ar siúl sa Choláiste. Léirigh ealaíontóirí áitiúla, a raibh roinnt acu ina n-iardhaltaí, éagsúlacht leathan ealaíne agus ceardaíochta. Bhí an imeacht mar chuid den tionscadal "Creative Engagement" arna chur chun cinn agus Cumann Náisiúnta na bPríomh-Oidí agus na Leas-Phríomh-Oidí (NAPD). Comhchistítear an tionscadal sin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Cultúir chun rannpháirteachas agus léirthuisctint níos forleithne ar na hEalaíona a chur chun cinn in iar-Bhunscoileanna na hÉireann. Tháinig slua maith chuige agus fuair sé clúdach forleathan sna nuachtáin áitiúla agus ar an teilifís.
- Ba é 7 Aibreán an oscailt oifigiúil de shuiteáil Ealaíne dar theideal "Looking Forward- Looking Back" ag an Lárionad Oideachais, Port Laoise. Ghlac gach iar-bhunscoil rannpháirt chun an saothar álainn sin a chruthú. Tugadh cuireadh do Daragh Carroll chun labhairt thar ceann na ndaltaí go léir a ghlac rannpháirt ann.
- Ní raibh an fhoireann díospóireacht chomh rathúil le ceann na bliana roimhe sin, ach ainmníodh dhá cheann don chomórtas Óráidíochta: Colm Kirby-Ó Colmáin agus Luke Herke. Tháinig Luke sa tríú háit.
- Seisiúin leantach "Triple P Parenting" ar feadh 4 seachtaine i míonna Feabhra agus Márta.
- Tharla Cruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na dTuismitheoirí ag 8:00i.n. an 17 Samhain.
- Tugadh rang oíche TG d'fheirmeoirí chun críche i mí an Mhárta, arna chomhordú ag Marion O'Reilly mar chuid den chlár "Scileanna don Obair", agus cuireadh tús leis an dara ceann i mí Dheireadh Fómhair.
- Taispeántas Ealaíne arna eagrú ag daltaí na hIdirbhliana agus ag Uas Kennedy idir 6 agus 10 Aibreán, a osclaíodh go hoifigiúil ag Ellen O'Malley-Dunlop (CEO an tIonad Éigeandála um Éigniú agus iar-chónaitheoir i Ráth Domhnaigh); ar éirigh thar cionn leis, ag tabhairt go leor cuairteoirí isteach sa scoil.
- Baineadh leas as Coláiste Naomh Fearghal ag an bparóiste don Faith Fest an 3 Iúil.
- Athchóiríodh agus athosclaíodh Bloc Leithris na gCailíní sa seanfhoirgneamh.
- Tugadh an sreangú do shuiteáil mholta an Wi-Fi chun críche i rith bhriseadh an tsamhraidh.
- Athsholáthraíodh an córas téimh sa Ghiomnásiam.

## Coláiste Thulach Mhór

Cois Abhann, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Príomhoide: Edward McEvoy

Leas-Phríomhoide: Beatrice Quirke

Fón: 057 9321677

Ríomhphost: [admin@tullamorecollege.ie](mailto:admin@tullamorecollege.ie)

Rollú 2016/2017: 610 lena  
n-áirítear 13 Iar-Ardteiste

### Éachtaí sa bhliain 2016:

- Chloigh ár bhfoireann shinsearach i bPeil na mBan Gairmcholáiste Bhaile Bhríde, Loch Garman, agus chuaigh ar aghaidh go dtí an cluiche leathceannais.
- Fuair Lucy Leonard agus Michelle Mann Gradam Boston Scientific Medical Devices Grand ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta SciFest, agus tháinig siad sa chéad háit, agus fuair siad corn greanta agus €500.
- Chuaigh Caitlyn Guinan, Lydia Coyne agus Uas. Fiona Graham ar aistear saorálach thar sáile le Gorta Self Help Africa chun na Maláive.
- D'aithin Coimisiún na Scrúduithe Stáit Cian O'Mahoney mar sháriarracht bunaithe ar a thorthaí den scoth sna Mataí agus san Eolaíocht sa Teastas Sóisearach i mbliana. Roghnaíodh Cian chun bheith rannpháirteach in Oilimpiad Eolaíochta Sóisearach na hÉireann.
- Bhuaigh Katie Rabbitte agus Liadhan Murray 'Barr Ranga sa Ghaeltacht' i gColáiste Chiaráin ar an gCeathrú Rua i rith an tsamhraidh.
- Ghlac daltaí an 2ú Bliain rannpháirt i Siúlóid 20k mar chuid dá Ghradam Laoch.
- Bhuaigh ár bhfoireann Cispheile ón gCéad Bhliain a gcéad chluiche ceannais Réigiúnach i gcoinne Phobalscoil Bhaile Uí Mhatháin.
- 2ú Grúpa Sinsearach in Eolaíochtaí Fisiceacha mar chuid de Scifest - Alana Dillon, Emily Deverell, Ciannait Goulding.
- 2ú Grúpa Idirmheánach san Eolaíocht Fhisiceach mar chuid de Scifest - Caoimhe agus Muireann Griffin.
- Gradam Bithleighis Scifest le Boston Scientific - Lucy Leonard, Michelle Mann.
- Gradam Bithcheimice PharmaCheme Scifest - Caoimhe agus Muireann Griffin.
- Eolaíocht Beatha Idirmheánach do dhuine aonair mar chuid de Scifest - Stephen Harte.
- Cháiligh ár bhfoireann Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI) don Bhabhta Ceannais de chomórtas na Nuálaithe Sóisialta Óga.
- Aitheasc leis an iardhalta Uas. Emily Donohue, Céadoifgeach is Píolóta le hAer Lingus.
- Aistear ealaíne chun Amstardam, an Ísiltír chun féachaint ar iarsmalann Vincent Van Gogh agus ar iarsmalann Rijks.
- Bhuaigh foireann Rugbaí Chailíní Choláiste Thulach Mhór an gearrchomórtas rugbaí seachtar an taobh do Scoileanna Laighean.
- Comórtas Eacnamaí Óg na Bliana: Catagóir shinsearach: Bhuaigh Stephen Harte an chatagóir Shóisearach/Gradam Airgid: Bhuaigh Aga Grezlikowska an Gradam Cré-Umha/catagóirí na nEochair-Oilteachtaí, fuair Lucy Leonard agus Jayne Henry Gradam Cré-Umha/fuair Anna Daly Gradam Cré-Umha i gCatagóir na nEochair-Oilteachtaí, fuair Tara Daly agus Lydia Coyne Gradam Cré-Umha.
- Aistear sciála chun na Sléibhte Dolaimítí san Iodáil.
- Eolaí Óg BT: Fuair 'Infection or protection' le Annie agus Katie 'Ard-Mholadh' i rannóg na Teicneolaíochta Sinsearaí.



## CUID 3

### Breisoideachais agus Breisoiliúint agus Seirbhísí

---

# Seirbhísí Breisoideachas agus Oiliúna

**Tony Dalton, Stiúrthóir, Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna**  
**LOETB, Oifig Riaracháin, Bóthar an Droma, Port Laoise, Co. Laoise**  
**Teileafón: (057) 8621352 / (057) 9349424 Ríomhphost: [tdalton@loetb.ie](mailto:tdalton@loetb.ie)**

Tairgeann LOETB réimse cuimsitheach cúrsaí idir an fhoghlaim pháirtaimseartha agus staidéar lánaimseartha, ag dul i dtreo an ard-oideachais, na hoiliúna nó na fostaíochta. Is í aidhm na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna (FET) ná chun spreagadh, cumasú agus tacaíocht a thabhairt d'aosaigh ar mian leo filleadh ar an oideachas chun na deiseanna oideachasúla is fearr a oireann dá n-éilimh a fháil.

D'fhorhméadaigh LOETB an réimse seirbhísí a bhíonn ar fáil d'fhoghlaimseoirí a thuilleadh sa bhliain 2016. Áiríodh leis an bhformhéadú tús a chur leis an saothar le fostóirí sa réigiún chun na héilimh oilteachtaí a aithint agus chun cúrsaí agus cláir iomchuí a fhorbairt i gcomhar lena chéile chun iad a shásamh. Tá an próiseas sin tar éis na torthaí dul chun cinn a mhéadú go mór d'fhoghlaimseoirí ag gach leibhéal.

Cinntítear leis an gcomhairliúchán le SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna, ag leibhéal náisiúnta agus le fostóirí agus le comhpháirtithe ag leibhéal réigiúnach go mbíonn seirbhísí FET d'ardchaighdeán, sorochtana agus ábhartha d'éilimh shíorathraitheacha pearsanta, sóisialta, fostaíocht agus scileanna an réigiúin i Laois agus in Uíbh Fhailí.

Chonacthas formhéadú agus forbairt sa chomhairliúchán um sholáthar fostaíocht-dírthe sna hearnálacha Foirgníochta, Cúraim Shláinte, Seirbhísí agus Fáilteachais.

Ceapadh Colin Flaherty i mí na Samhna 2016 mar Bhainisteoir Breisoideachais..

## LÁRIONAID AGUS SEIRBHÍSÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Tairgeann LOETB réimse iomlán seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. Áirítear leo siúd:

### Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir Laoise

An tSeirbhís um Threoir san  
Oideachas Aosach (AEGIS)

Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra

Lárionad Oideachais Lasmuigh Bhiorra

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirthigh

Seirbhís Oideachais Phobail

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire

### Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic

Lárionad Breisoideachais agus  
Oiliúna Chúl an tSúdaire

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise

Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise

Oideachas Príosúin

Seirbhísí Oiliúna

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór

Dearbhú Cáilíochta



## Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir Laoise

**Bóthar Mhaighéan Rátha, Mainistir Laoise, Co. Laoise.**

**Teagmháil: Helen Kavanagh Fón: 057 8731127 Ríomhphost: [abbeyleixfet@loetb.ie](mailto:abbeyleixfet@loetb.ie)**

Is í an Scéim um Dheiseanna Gairmoiliúna an príomhchlár i Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir Laoise, le leithdháileadh 80 ionad inti. Cláraítear daltaí VTOS ar fud na gclár éagsúil sa Lárionad.

Thairg an Lárionad cúrsaí sa bhliain 2016 faoin gclár iar-ardteiste i limistéir an Ghnó, an Altranais, an Chúraim Shláinte agus na hEalaíne le leithdháileadh 70 ionad.

Is é an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas an tríú clár a thairgtear ag an Lárionad.

Dírthe go príomha ar sholáthar deiseanna deimhniúcháin agus dhul chun cinn páirtaimseartha..

### Daltaí:

Eanáir 2016: 125

Meán Fómhair 2016: 120

### Cúrsaí tairgthe:

**An Ardteistiméireacht: 8 n-ábhar scrúdaithe agus TF Dámhachtainí Breisoideachas & Oiliúna QQI**

- Foghlaim Ghinearálta Leibhéal 4
- An Ealaín, An Cheardaíocht & An Dearadh Leibhéal 5
- An Ealaín agus an Bheochan Leibhéal 5
- Staidéir Altranais Leibhéal 5
- Cúram Pobail Leibhéal 5
- Tacaíocht Cúraim Shláinte Leibhéal 5
- An ríomh-Ghnó Leibhéal 5
- An Riarachán Gnó Leibhéal 5
- An Ealaín agus an Gnó Leibhéal 6
- Bainistiú an Ghnó Leibhéal 6

### Imeachtaí Eile

- Laethanta Oscailte • Cainteoirí Coláiste • Gradaim Chinn Bhliana
- Oíche na nGradam - Aistír Lárionaid

### Creidiúnú:

- 7 dTeastas Comhpháirte ag Leibhéal 4 QQI
- 6 Mórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 4
- 35 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 5 QQI
- 61 Mórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 5
- 3 Theastas Comhpháirte ag Leibhéal 6 QQI
- 20 Mórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 6

### Éachtaí:

- Tabhairt isteach an dara dámhachtain ag Leibhéal ag dul chuig punann a oireann do chur isteach ar an mBeochan ag an Tríú Leibhéal.
- Teideal na Dámhachtana: An Ealaín (Beochan)  
Cód Dámhachtana: 5M1985
- Trí mhodúl/thogthach nua curtha leis:
  - Dearadh Leagan Amach na Beochana
  - Staidéir Líníochta sa Bheochan
  - An Dealbhóireacht
- Taifeadadh rátaí coinneála den scoth don bhliain 2016.
- Mar shampla, thosaigh 33 dalta an clár Altranais/Cúraim Shláinte, le 32 dalta ag críochnú le deimhniúchán i mí an Mheithimh 2016.
- Taifeadadh rátaí dul chun cinn den scoth i mí Mheán Fómhair 2016, bunaithe ar rollú daltaí sa scoilbhliain 2015/2016.
- Chuir daltaí Ealaín Leibhéal 5 & 6 taispeántas ar siúl i Lárionad Ealaíon Dhún Másc i mí na Bealtaine 2016. D'fhan an taispeántas ar taispeáint ar feadh trí seachtaine.
- Bhí an taispeántas Filleadh ar an bhFoghlaim ar taispeáint i Leabharlann Mhainistir Laoise ar feadh dhá sheachtain i mí an Mheithimh 2016.
- Aistear Ealaíne chun Flórans i mí Aibreáin 2016.



# An tSeirbhís um Threoir agus um Eolas san Oideachas Aosach (AEGIS)

## UÍBH FHAILÍ

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór,  
Urlár 3 Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid Theamhair,  
Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.  
Teagmháil: Catherine Gavigan  
Fón: 057 9349425 Ríomhphost: cgavigan@loetb.ie

## LAOISE

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna  
Phortlaoise, Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. Laoise.  
Teagmháil: Carmel Hoolan  
Fón: 057 8672963 Ríomhphost: choolan@loetb.ie

Soláthraíonn an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise don Aosoideachas (AEGIS) seirbhís treorach agus faisnéise chuimsitheach ghairmiúil don fhoghlaimeir is aosach ag filleadh ar an oideachas.

## Cliant sa bhliain 2016:

1,756

## Gníomhaíochtaí le linn 2016:

- Soláthraíodh Treoir d'Aosaigh chun Litearthacht d'Aosaigh, BTEI, VTOS, Iar-Ardteiste, atreoruithe ón DSP agus don phobal i gcoitinne mar seo a leanas: Dul chun cinn ceaptha na ndaltaí litearthachta, iarratas CAO, conairí dul chun cinn, cistiú SUSI, ullmhú d'agallaimh, Scileanna Staidéir, iarratas UCAS, léirmhíniú na dtuairiscí Disléisce le daltaí, agus tacaíocht leanúnach intí sna Lárionaid Bhreisoideachais & Oiliúna i Laois agus in Uíbh Fhailí.
- Seirbhís For-Rochtana do VTOS, Grúpaí Litearthachta agus Pobail m.sh. na Comhpháirtíochtaí agus na Cumainn Phost i mBiorra, Beannchar, Ród, Éadan Doire, Mainistir Laoise agus Cúl an tSúdaire.
- De bharr ardú céime do Mary Connell mar Oifigeach Cáilíocht, d'éirigh an post mar Oifigeach Faisnéise folamh i mí Aibreáin 2016. Aontaíodh i mí an Mheithimh 2016 go soláthródh Therese Glennon 11 uair de sholáthar faisnéise d'AEGIS. D'fhonn tionchair na gné sin den soláthar a uasmhéadú, bunaíodh Facebook Adult Guidance LOETB, agus socraíodh ríomhphost rochtana ag guidance@loetb.ie lenar cumasaíodh gach foghlaimeoir cláraithe chun an tacaíocht a fháil ar bhonn éileamh. Ba í Therese a rinne taighde, a thiomsaigh faisnéis agus a thug láithreoireachtaí freisin i leith Scileanna Staidéir, SUSI, BTEA agus próiseas iarratais an CAO. Ceapadh bileog faisnéise nua chun an tseirbhís a chur chun cinn do lucht sprice ní ba leithne m.sh. cumainn phost, grúpaí pobail agus an pobal i gcoitinne.



- Is comhthionscnamh é New Start idir an DSP agus LOETB ina ndírítear ar an ngairmréim, spéiseanna, oilteachtaí agus tallanna. D’fheidhmigh an tSeirbhís Threorach d’Aosaigh eochair-ról i bhforbairt agus i gcomhordú an chláir, ag cinntiú gur cuireadh atreoruithe DSP go hiomchuí ar chlár oideachais ina ndiaidh sin.
- Soláthar tacaíocht leanúnaí do Chomhordaitheoirí agus d’Oidí/do Theagascóirí maidir le saincheisteanna pearsanta agus dul chun cinn le daltaí.
- Comhairle agus tacaíocht don fhoireann Bhreisoideachais maidir le riachtanais iontrála lena gcumasaítear dul chun cinn rathúil na ndaltaí idir Breisoideachas agus Oiliúint agus An tArdoideachas.
- Nasctha le Seirbhísí Meabhair-Shláinte Pobail an HSE agus le seirbhísí síceolaíochta gairmiúla mar shampla is amhlaidh a oibríonn Jigsaw Thulach Mhór próiseas atreoraithe, Lárionad Beech Haven in Ospidéal Naomh Fiontán i bPort Laoise, agus
- Teiripeoirí Saothair leis an HSE. Tá foirean AEGI tar éis atreoruithe agus naisc mhéadaithe a aithint le Clann Shíomóin Lár Tíre agus le hIontaobhas Peter McVerry.
- Is í Catherine Gavigan in Uíbh Fhailí atá ar an ngrúpa stiúrtha de chlár MOJO Uíbh Fhailí (clár idirghníomhaireachta arna chistiú ag an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NOSP), agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí áitiúla a sholáthraíonn freagra comhordaithe d’fhir chráite nó dóibh siúd a fhulaingíonn faoin dífhostaíocht.). Tá Geraldine Grennan ar an ngrúpa cleachtais MOJO. D’éascaigh an tSeirbhís Threorach do sheisiúin ghrúpa le rannpháirtithe MOJO in Uíbh Fhailí maidir lenár seirbhís, le deiseanna dhul chun cinn oideachasúil agus le stíleanna foghlama.
- Ba i mí na Samhna 2016 a thosaigh Carmel Hoolan sraith cruinnithe le Cásoifigigh na Seirbhíse Fostaíochta i Laois, rud ónar tháinig bunú Grúpa Idirchaidrimh Cheantair (ALG) idir an ETB agus an DSP, ónar tháinig ní ba mhó atreoruithe chun na Treorach i Laois féin.
- Cinntítear leis an bprótacal atá ann idir an DSP/na Seirbhísí Fostaíochta agus LOETB go mbíonn atreoruithe leanúnacha chun na Seirbhíse Treorach d’Aosaigh le méadú tomhaiste.
- Fógraíocht agus cur chun cinn na Seirbhíse Treorach d’Aosaigh trí bhileoga cúrsa, láithreán gréasáin LOETB féin, leathanach Facebook agus láithreoireachtaí sna cumainn phost agus grúpaí pobail áitiúla.

- Cothabháladh naisc le IT Áth Luain agus le hOllscoil Mhá Nuad - tugadh daltaí ó Lárionad FET Thulach Mhór chun laethanta oscailte coláiste. Bhuail siad leis an oifigeach rochtana agus le seirbhísí tacaíochta do dhaltaí mar ar soláthraíodh clár speisialta a bhí sainoiriúnaithe dá mbealaí dhul chun cinn, ag spreagadh dóibh chun na roghanna oideachasúla a thaiscéaladh. Bhí baint ag daltaí freisin le hiardhaltaí dár gcláir sa lárionad Breisoideachais a bhí tar éis dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. Naisc chothabháilte le daltaí IT Cheatharlach, LIT agus GMIT ag fáil ardiontrála san coláistí úd ó chúrsaí Gnó agus Ealaíne i Mainistir Laoise.
- D'eagraigh AEGI ceardlann um CV, oilteachtaí agallaimh agus cuardach post le Sinéad English i leith gach teagascóir Taithí Oibre.
- D'éascaigh Seirbhísí Treorach d'Aosaigh le LOETB do cheardlann faoi SUSI ag an aonach Gairmthreorach bliantúil in Éadan Doire, arna cur i láthair ag Catherine Gavigan agus Therese Glennon.
- Thug cainteoirí ó IT Áth Luain agus DIT cuairt ar fhoghlaimeoirí ag Lárionad FET Thulach Mhór. Thug cainteoirí ó Choláiste Cheatharlach, IT Cheatharlach agus Ollscoil Mhá Nuad cuairt ar Lárionaid Mhainistir Laoise agus Chúl an tSúdaire.
- Thug AEGIS LOETB cuireadh d'iardhaltaí VTOS, BTEI agus na gclár iar-Ardteiste i rith na bliana i Lárionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór agus Phort Laoise a chuaigh chun cinn go dtí an t-oideachas agus an fhostaíocht chun labhairt agus chun misneach a thabhairt dár ndaltaí.
- Bhuail an Fhoireann Threorach le chéile ar bhonn ráithiúil chun éilimh agus saincheistanna na bhfoghlaimeoirí ag teacht aníos a mheasúnú, agus chun tacú le forbairt an tsoláthair idir na seirbhísí. Ba thionscnamh amháin é chun tiomántán comhroinnte a shocrú chun eolas nuashonraithe agus acmhainní d'fhoireann threorach in LOETB a uaslódáil.



## An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh

Eagraí Litearthacht d'Aosaigh: Kathleen Dunne

### UÍBH FHAILÍ

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór.

Teagmháil: Alison McEvoy nó Marina O'Malley

Fón: 057 9349424 / 057 9349426

Ríomhphost: amcevoy@loetb.ie / momalley@loetb.ie

### LAOISE

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise,

Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. na Laoise.

Teagmháil: Kathleen Dunne

Fón: 057 8661338 Ríomhphost: kdunne@loetb.ie

Soláthraíonn an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh grúpranganna saora in aisce agus rúnda agus teagasc aonair d'aoisigh ar mian leo a gcuid léitheoireachta, scríbhneoireachta, litriúchán, mataí nó bunscileanna ríomhaireachta a fheabhsú. Tairgeann an tseirbhís go leor modúl creidiúnaithe freisin do leibhéal idir 2-4. Is páirtaimseartha iad na ranganna.

### Líon daltaí sa bhliain 2016:

	FIREANN	BAINÉANN
An Litearthacht:	643	635
ESOL:	301	409
BTEI:	62	53
<b>Iomlán:</b>	<b>1006</b>	<b>1097</b>

### Cúrsaí a thairgtear i Laois agus in Uíbh Fhailí:

Tá roinnt roghanna creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil sa dá chontae.

- Bunteagasc Litearthachta, Bunlitearthacht (Riachtanais Speisialta)
- Tacaíochtaí Litearthachta, Liteartheacht/Teanga
- Béarla agus Mata an Teastais Shóisearaigh
- Béarla, Mata, Stair agus Ealaín na hArdteistiméireachta (Béarla amháin i Laois)
- Bunmhata, Tacaíochtaí Mata
- Modúil Leibhéal 2 sa Litearthacht agus sa Mhata, agus Leibhéal 2 um Cheardaíocht, Ríomhairí, Leagan Spriocanna agus Cinnteoireacht Phearsanta agus Roghnú Bia agus an tSláinte
- Tosaitheoirí/Buntús TF, Cur Amach ar an Idirlíon & Ríomhphost

- Leibhéal 3 An Chumarsáid, Éifeachtacht Phearsanta, Airgeadas Poiblí a Bhainistiú, Próiseáil Focal, Scileanna Idirlín, Meáin Digiteacha, Scileanna Leictreacha, Nósanna Imeachta Oifige, An Ealaín & An Dearadh, Scileanna Miondíola, Mata, ESOL, Ullmhú Gairmréime agus Scarbhileoga
- Ceardlann sa Disléisce, Litriú & Gramadach, An Clár Sounds Write
- An Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile gach leibhéal
- Dianteagasc sna Cláir Bhunoideachais d'Aosaigh (ITABE); Tionscadail um Scileanna don Obair; Cláir Litearthachta Teaghlaigh

### Forálacha Úra sa bhliain 2016:

- Nósanna Imeachta Oifige Leibhéal 3
- Scileanna Miondíola Leibhéal 3
- Scileanna Fostaíochta Leibhéal 3
- Ealaín agus Dearadh & Grianghrafadóireacht Leibhéal 3
- An Ghaeilge do Thuismitheoirí

- An Scríbhneoireacht Chruthaitheach & Clár Foghlama Teaghlaigh san Ealaín
- Scileanna Leictreachais Leibhéal 3
- Mata do Cheirdeanna

### Creidiúnú:

- Teastais Chomhpháirte ag Leibhéal 1: 142
- Teastais Chomhpháirte ag Leibhéal 2: 232
- Teastais Chomhpháirte ag Leibhéal 3: 242
- Teastais Chomhpháirte ag Leibhéal 4: 5

Ghnóthaigh daltaí an Teastas Sóisearach in ábhar amháin nó níos mó: 7

Ghnóthaigh daltaí an Ardteist sa Bhéarla: 2

### Cláir agus Tionscnaimh:

D'oibrigh an tseirbhís litearthachta i Laois leis an Oifigeach Idirchaidrimh idir an Baile agus an Scoil i Scoil Bhríde, Cnoc Maí ar **Thionscadal foghlama Teaghlaigh** dian nua lena mbaineann an Ealaín agus an Scríbhneoireacht Chruthaitheach. Scríobh na tuismitheoirí leabhair dá leanaí agus chruthaigh saothair ealaíne chun bheith mar thionlacan leo. Tá an cumas ag an gclár, cé nach bhfuil sé róchríonna, chun níos mó tuismitheoirí a mhealladh chuig cláir foghlama Teaghlaigh amach anseo, agus tá foireann shaintiomanta teagascóirí san Oideachas Aosach aige sa bhunscoil.

Baineann na seirbhísí litearthachta leas as **BKSB** chun foghlaimeoirí a mheasúnú do chláir 3-4. Tá an clár sin tar éis bheith fíorthairbheach, ach bainimid leas as ár measúnú litearthachta féin go fóill i gcás foghlaimeoirí litearthachta. Chuir na seirbhísí i Laois agus in Uíbh Fhailí cúrsa **Céadoiliúna Teagascóra** ar siúl thar chúig Shatharn i míonna Márta agus Aibreáin, agus chríochnaigh 18 duine é. Astu sin tá 10 daoine ag obair anois ar bhunús saorálach leis na seirbhísí sa dá chontae.

Ó mhí Mheán Fómhair i leith chuireamar méadú leis an soláthar teanga **ESOL** sa dá chontae, le daltaí ag freastal ar chlár níos déine de réir mar is féidir. Leithdháileadh uaireanta breise ar chomhordú ESOL páirtaimseartha, rud a chruthaigh de bheith fíor-éifeachtach.

Mar fhreagra d'éileamh na bhfear dífhostaithe óg, d'earcaigh an tseirbhís litearthachta i gcomhpháirt leis an DSP fir óga a rinne measúnú orthu i mí na Samhna i gcomhair cúrsa **Leibhéal 3** sna **Scileanna Leictreacha**. Tugadh na fir ar ais go dtí an tseirbhís i mí na Nollag i gcomhair seisiúin tosaigh agus faisnéise sular tosaíodh an cúrsa i mí Eanáir 2017.



## Imeachtaí/Oiliúint Eile:

- Reáchtáladh searmanais bhronnta i seirbhísí litearthachta Laoise agus Uíbh Fhailí le linn Seachtain na Féile d'Fhoghlaiméoirí is Aosaigh i mí Feabhra agus i mí na Nollag freisin.
- Sholáthar an Cumann Disléisce inseirbhís iontach i seirbhísí litearthachta Laoise agus Uíbh Fhailí araon faoin gcaoi chun ranganna a struchtúru chun tacú le daltaí leis an disléisce. (Deireadh Fómhair agus Samhain 2016).
- Thug Anthony O'Prey Ceardlann um Bainistiú Struis do na teagascóirí (Deireadh Fómhair 2016).
- Thug beirt tuismitheoirí ar Chúrsaí Foghlama Teaghlaigh aitheasc ag an Lá Litearthachta Idirnáisiúnta in Oifigí Sibhialta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arna chur in eagar ag NALA. Labhair siad faoina dtaithí ar chúrsa Scéalaíochta um Fhoghlaim Teaghlaigh, agus faoin gcaoi ar chuir sí lena muinín.
- Soláthraíodh Oiliúint um Fheasacht Litearthachta d'fhoireann Turas nua i Laois agus in Uíbh Fhailí (Lúnasa agus Samhain 2016).

D'fhreastail na seirbhísí seo a leanas ar oiliúint um fheasacht Litearthachta arna héascú ag Hilary Murtagh:

- Foireann theagaisc an phríosúin
- Foireann theagaisc VTOS
- Foireann theagaisc Ógtheagmhála

Cuireadh Ceiliúrthaí Comórtha Céad Bliain ó 1916 ar siúl i dTulach Mhór i mí an Mhárta 2016 – léigh daltaí agus teagascóirí an Forógra, bhí díospóireacht ar siúl, rinneadh aithris ar fhilíocht, canadh amhráin, casadh ceol, rinneadh damhsaí, agus léiríodh saothar ealaíne.

Tháinig na cláir ITABE le chéile in Uíbh Fhailí chun Aistear Tionscadail a eagrú chuig Lárionad Taispeántais Chéad Bliain 1916 sa GPO, Baile Átha Cliath.

Ba le linn na Seachtaine Frith-Chiníochais i mí an Mhárta a bhí Féile Teangacha sa lárionad i Laois le taispeántais ó go leor tíortha, áiríodh leis an bhféile freisin taispeántais ón Lucht Siúil i leith a dteanga. Thug beirt de na daltaí Siriacha sa lárionad láithreoireachtaí freisin i leith an tsaol sa tSiria roimh an gcogadh. Bhí an seachtain go léir oscailte don phobal mór chun freastal uirthi agus d'éirigh go mór leis.

Sholáthair an lárionad i bPort Laoise Scoil Bhéarla dhian trí seachtaine i rith mhí an Mheithimh. Díríodh an aird ar an imeascadh, go háirithe ar imeascadh daltaí ó Chlár Athlonnaithe na dTeifeach Siriach

# Ionad Breisoideachais agus Oilíúna Bheannchair

An tSráid Mhór, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí    Teagmháil: **Celina Casey**  
 Fón: 057 91 53734    Fón Póca: 085 8773755    Ríomhphost: **banagherfet@loetb.ie**

Tairgeann Lárionad FET Bheannchair réimse roghanna do luathfhágálaithe scoile ag leibhéal 3 & 4 QQI ar an NQF. Is éard is aidhm leis an gclár chun na croí-scileanna a theastaíonn don fhoghlaim, agus chun na daltaí a ullmhú chun breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn.

## Daltaí:

Tá leithdháileadh 20 ionad ag an gclár Ógtheagmhála. B'ionann líon na ndaltaí a tháinig tríd sa bhliain 2016 agus 27. Bhí 18 díobh siúd ina bhfir agus bhí 9 ina mná as an bhfigiúr foriomlán sin.

## Creidiúnú:

Sa bhliain 2016 bhí:

- 255 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 3 agus 4 QQI
- Fuair 10 daltaí Mórdhámhachtain QQI ag Leibhéal 3
- Fuair 7 daltaí Mórdhámhachtain QQI ag Leibhéal 4

Cuirtear béim láidir sa chlár Ógtheagmhála ar chroí-scileanna na Maata, na Cumarsáide, Teicneolaíocht na Faisnéise, SPHE, Taithí Oibre, agus freisin ar fhorbairt phearsanta ár ndaltaí go léir. Roghanna gairmiúla ar nós na Lónadóireachta, Ríomhairí, Spórt, Gruagaireachta agus Adhmadóireachta; bíonn siad go léir ar fáil ar ár gcuraclam. Chuireamar an Mhíotalóireacht agus Staidéir na Foirgníochta leis an gcuraclam freisin sa bhliain 2016.

## Cláir agus Tionscnaimh:

Áiríodh leis na Cúrsaí Neamh-Dheimhnithe arna seachadadh ag an Lárionad:

- Clár Bia Sábháilte

Ghlac daltaí rannpháirt sa Chlár Bia Sábháilte le Tess Egan. Bhain trí mhodúl leis an gclár mar ar fhoghlaim na daltaí

faoin mbeathú Sláintiúil, faoin tSábháilteacht Bhia, faoin nGníomhaíocht Cholanda agus faoin gCothrom Fuinnimh. Ghlac na daltaí rannpháirt sna cluichí, gníomhaíochtaí, comhphléanna; agus chomhlánaigh bileoga oibre i ngach aon trí mhodúl. Fuair siad teastais nuair a chríochnaigh siad an clár go rathúil.

- Clár Foirgníochta Píolótach Mount Lucas

Soláthraíodh an deis dár ndaltaí chun rannpháirt a ghlacadh i gclár soláthair shamhraidh i Staidéir na Foirgníochta. Chríochnaigh na daltaí a n-oiliúint Pas Sábháilte mar chuid den ghearrchúrsa 7 seachtaine sin ag Lárionad Oilíúna Náisiúnta um Fhoirgníocht, i Mount Lucas, Daingean, Co. Uíbh Fhailí.

- An Clár um Éascaíocht an Bhia Shláintiúil

Sholáthair Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise an clár sin i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus seachadadh é thar thréimhse 6 seachtaine. Ba í aidhm an chúrsa sin chun spreagadh a thabhairt don bheathú sláintiúil, chun eolas ar chothú a fheabhsú go háirithe nuair a ullmhaítear bia ag an mbaile, agus chun foghlaim conas béilí sláintiúla a cheapadh ar bhuiséad. Bhí an deis ag daltaí chun béilí sláintiúla a ullmhú, a chócaráil agus a ithe gach seachtain. Chríochnaigh siad leabhar oibre a bhain leis, agus fuair teastas ag deireadh an chláir.

- Clár NFTE (Líonra do Mhúineadh na Fiontraíochta)

Ba iad Foróige a sholáthair an clár oideachais agus forbartha óige sin mar chuid dá gClár Fiontraíochta Óige. D'oibrigh daltaí le Claire Grehan, Oibrí Óige Fiontair, agus rinne siad staidéar ar gach gné de thionscnamh agus reáchtáil rathúil gnólachta. Rith smaoinemh gnó leo, d'fhorbair agus dhear siad a dtáirgí agus cheap siad plean gnó. Rinne na daltaí bloc Nollag, ciseán naíonáin, fáinní



eochara agus bráisléid lena ndíol ag Aonaigh Cheardaíochta éagsúla i gcomhair mhargadh na Nollag. Bronnadh a dteastais ar na daltaí tar éis dóibh an clár a chríochnú go rathúil.

- **Tionscadal Ceartais SUB i mBiorra**  
Tháinig na hoibrithe óige ón Tionscadal SUB go dtí an lárionad chun a gclár 'Fred Goes Net' a sheachadadh, leis an aidhm chun dul i ngleic le saincheist na húsáide alcóil agus drugaí sa tsúil go ndéanfaidh ár ndaltaí cinntí maithe i ndáil leis an dá shubstaint. Reáchtáil na hoibrithe óige clár éigin eile dar theideal 'Boys World' freisin, leis an aidhm chun dul i ngleic leis na saincheistanna os comhair fear óg i saol an lae inniu.

- **Bealach Mear isteach i dTeicneolaíocht na Faisnéise**  
Reáchtáil an t-eagras seo clár leis an aidhm chun ár ndaltaí a ullmhú don fhostaíocht. Áiríodh leis an gclár sin dearadh Curriculum Vitae, bréagagallaimh fhoirmiúla, agus cuairt ar ghnólacht áitiúil.

- **Réamhchúrsa Innealtóireachta:**  
Soláthraíodh an deis dár ndaltaí chun bheith rannpháirteach i Réamhchúrsa Innealtóireachta a mhair ar feadh tréimhse 12 seachtain.

- **Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí (OLDC):**  
Tháinig foireann OLDC isteach sa lárionad chun a gClár Spriocanna a sheachadadh leis an aidhm chun

féinmheas agus neamhspleáchas a ardú inár ndaltaí, agus chun cúnamh leo a gcuid spriocanna sa saol a aithint, agus an chaoi chun iad sin a ghnóthú.

Bhí an deis ag ár ndaltaí freisin chun saothrú le Cairde Éanlaith Éireann ar a dtionscadal Swift Swallow. D'fhreastalaíomar freisin ar Bhronnadh na mBratach Scoile don Chlár Céad Bhliain 2016 i bPáirc an Chrócaigh le roinnt dár ndaltaí. Bhí Lá Sábháilteachta Idirlín ag na daltaí. Thugamar cuireadh freisin do Youth Connect chun teacht isteach chun labhairt lenár ndaltaí faoin 'The Working World'.

D'fhreastail Clinic Sláinte Ghnéasach Laoise ar an lárionad chun labhairt lenár ndaltaí faoina sláinte ghnéasach agus faoin dea-chleachtas. D'fhreastalaíomar ar Sheimineár do Dhéagóirí faoi Shiúl Amach i dTulach Mhór, arna óstáil ag Grúpa Foréigin Teaghlaigh Uíbh Fhailí. Thugamar cuireadh don Marie Keating Foundation chuig ár lárionad chun labhairt lenár ndaltaí faoin bhFeasacht faoin Ailse.

Thugamar cuireadh freisin do cheann dár n-iardhaltaí Oliver Carroll chun teacht ar ais chugainne chun labhairt lenár ndaltaí faoina aistear ó Ógtheagmháil chuig cúrsa

Iar-Ardteiste san Eolaíocht Fheidhmeach ar aghaidh go dtí a Chéim Eolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

D'fheidhmíomar mar óstach sa bhliain 2016 dár dtionscadal Idirghlúineach bliantúil le grúpa Gníomhach Bheannchair ag Dul in Aois mar chuid dár dtionscadal QQI Leibhéal 4 sa Bhia agus sa Chothú.

## Gníomhaíochtaí Seachchuraclaim sa bhliain 2016 lenar áiríodh

- An Pheil
- An Iománaíocht
- Freastal ar an gComórtas Treabhdóireachta Náisiúnta i dTulach Mhór
- Aistir Rothaíochta chuig Loch na Buaráí
- Laethanta Oscailte i gcoláistí comharsanacha agus i Lárionaid FET.
- Siúl ar bhunús seachtainiúil
- Traenáil Ilspórt
- Traenáil Chiorcad
- Tráthanna na gCeist Boird
- Ócáidí tiomsaithe airgid do Charthanachtaí
- An Ghairneoireacht lenár dtionscnamh Oiliúna Áitiúil



# Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhorra

**Bóthar Ros Cré, Biorra, Co. Uíbh Fhailí**

**Teagmháil: Mervyn Griffin Fón: 057 9121571 Ríomhphost: birrfet@loetb.ie**

Soláthraíonn VTOS Bhorra cúrsaí lánaimseartha do dhaoine os cionn 21 bliain d'aois, a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh ar feadh níos mó ná sé mhí. Áirítear leis na cúrsaí ábhair sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht m.sh. An Béarla, Mata, An Stair agus roinnt comhpháirteanna QQI m.sh. Scileanna TF, An Ealaín, An Cheardaíocht, An Dearadh. Maireann na cúrsaí ar feadh dhá bhliain ar a mhéad.

## Daltaí:

Baineann: 8 Fireann: 17 Iomlán: 25

## Cúrsaí tairgthe:

- An Ardteistiméireacht: An Mhatamaitic, An Béarla, An Stair
- An Teastas Sóisearach: An Mhatamaitic, An Béarla, An Stair
- QQI Leibhéal 3: Próiseáil Focal, Scarbhileoga
- QQI Leibhéal 4: Próiseáil Focal, Feidhmchláir Ríomhairí, Modhanna Scarbhileoige, An Phéintéireacht
- QQI Leibhéal 5: Próiseáil Focal

## Creidiúnú:

- 21 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 3, 4 agus 5 QQI
- An Ardteistiméireacht: An Mhatamaitic (2), An Béarla (4), An Stair (4)
- An Teastas Sóisearach: An Mhatamaitic (2), An Béarla (2), An Stair (3)

## Cláir agus Tionscnaimh:

Cothabháladh agus forbraíodh teagmhálacha le Cumann Post Bhorra, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (Biorra, Tulach Mhór, Baile Átha Luain agus Ros Cré) agus Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí. I dteannta leis na cúrsaí a thairg VTOS Bhorra, pleanáladh agus rinneadh roinnt gníomhaíochta chun tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaltaí. Tugadh na daltaí chuig seisiúin ionductaithe i Leabharlann Bhorra, agus d'éirigh go leor acu ina mbaill ghníomhacha mar thoradh air sin. Tugadh an deis do dhaltaí freisin chun rannpháirt a ghlacadh i gcluichí foirne agus sa bhoghdóireacht i Lárionad Oideachais Lasmuigh Bhorra (OEC).

D'fhreastail daltaí freisin ar go leor laethanta oscailte coláiste, go háirithe in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus i gColáiste Talmhaíochta Ghoirtín. Chuaigh roinnt mhaith dár ndaltaí ar aghaidh chuig cúrsaí sna coláistí úd, le tacaíocht ónár Seirbhís um Threoir san Oideachas Aosach (AEGIS). Chuaigh beirt dhaltaí ar aghaidh chuig ionaid sa bhreisoiliúint – dalta amháin sa Tacaíocht Cúraim Shláinte agus dalta amháin i dTeicníochtaí Saotharlainne.



## Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhorra

**Bóthar Ros Cré, Biorra, Co. Uíbh Fhailí.**

**Bainisteoir: Mary Clarke Fón: 057 9120029 Ríomhphost: info@birroec.ie**

**Láithreán Gréasáin: www.birroec.ie Facebook: Lárionad Oideachais Lasmuigh Bhorra**

### Daltaí:

D'fhreastail 7,268 dalta ar Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhorra (OETC) sa bhliain 2016.

Tairgeann OETC Bhorra deis do dhaoine óga agus d'aosaigh don fhorbairt phearsanta trí rannpháirteachas in éagsúlacht gníomhaíochtaí oideachasúla lasmuigh.

Taithí dhúshlánach tairgthe ach saothrú lasmuigh, agus an taitneamh iontach a baineadh as saothrú le chéile i gcomhshaol spreagúil; tá na glúnta múinteoirí, oibríthe sóisialta agus teagascóirí araon tar éis iad a aithint le fada.

Tairgeann OETC Bhorra réimse gníomhaíochtaí idir chinn ghreannmhara agus corraitheacha, le dúshlán do gach leibhéal agus aois. Dearaimid cláir go sonrach chun éilimh an ghrúpa aonair a shásamh agus a shárú. Tairgimid lárionad cónaitheach lasmuigh dea-fheistithe, ag cruthú atmaisféir dhearfach agus gníomhaíochtaí dúshlánacha taitneamhacha; agus tairgtear taithí luachmhar ar feadh an tsaoil leo.

Is é ár gcuspóir chun forbairt agus imeascadh traschuraclaim a chur chun cinn; chun cuidiú chun bacainní agus réamhchlaontaí sóisialta a bhriseadh síos; chun an fhorbairt phearsanta a spreagadh agus chun scileanna beatha a fheabhsú. Is í ár n-aidhm chun:

- Gníomhaíochtaí spráíúla, oideachasúla, sábháilte a sholáthar do gach earnáil den phobal
- Cláir oideachasúla atá deartha chun éilimh do ghrúpa a shásamh
- Seachadadh díograiseach ag díriú ar fhorbairt phearsanta dhearfach agus ar fheabhsú scileanna na beatha
- Taithí shultmhar agus inchuimhne chun maireactáil ar feadh an tsaoil
- Foireann ardcháilithe agus le taithí agus le grinnfhiosrúchán garda
- Teist sábháilteachta den scoth agus na caighdeáin oibríúcháin is airde

Baineadh leas as OETC Bhorra mar áis i gcás na ngníomhaíochtaí eachtraíochta seo a leanas, ag spreagadh agus ag cur riachtanais ar dhaoine aonair chun leas a bhaint as na cumais agus na scileanna is fearr acu.

- Canúáil
- Boghdóireacht
- Cadhcáil
- Cluichí Tógála Foirme
- Siúl Scornaí
- An Pheil
- Tógáil Rafta
- Ailleadóireacht Laistigh
- Treodóireacht
- Cnocadóireacht
- Rópadóireacht Anuas
- Uaimheadóireacht
- Cóstóireacht
- Tonnmharcáíocht Cholainne
- Snorcláil
- Tionscadal Mata
- Ailleadóireacht

# Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirtheach

Sráid na hAbhann, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí

Teagmháil: Finian Robbins Fón: 057 9330794 Ríomhphost: clarafet@loetb.ie

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirtheach réimse roghanna do luathfhágálaithe scoile ag QQI Leibhéil 3 & 4 ar an NFQ. Is éard is aidhm leis an gclár chun na croí-scileanna a theastaíonn don fhoghlaim, agus chun na daltaí a ullmhú chun breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn.

## Daltaí:

22

## Cúrsaí Tairgthe:

- Foghlaim Ghinearálta QQI Leibhéal 3
- Foghlaim Ghinearálta QQI Leibhéal 4

## Creidiúnú:

- Teastais do Chomhchodanna QQI Leibhéal 4 11
- Mórdhámhachtainí QQI Leibhéal 3 8
- Teastais do Chomhchodanna QQI Leibhéal 3 3

## Clár an Lárionaid:

Is é 'Keeping it Real' an mana ag an bhfoireann ard-inspreagtha mar a mbíonn an nuálaíocht agus an chruthaitheacht lárnach do chlár síoréabhlóideach agus síorathraitheach chun fónamh d'éilimh na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar an lárionad. Is lárnach iad an mhúinín agus an urraim dá rath, le béim láidir curtha ar chainéil chumarsáide soiléire agus ar scileanna oibre foirne, agus tugtar spreagadh do gach dalta chun éirí rannpháirteach i dtionscadail Phobail ar nós Tionscnamh na mBailte Slachtmhara, agus chun teacht ar shocrúcháin oibre iomchuí laistigh den phobal áitiúil gach bliain.

Lean an teagasc agus an fhoghlaim thraschuraclaim ar aghaidh arís i mbliana leis na tionscadail Eye on Nature agus Our Past, Our Present, Our Future ar Phortach Chlóirtheach, lenar áiríodh saothar allamuigh i ndáil le roinnt modúl QQI ag Leibhéal 3 agus 4 araon.

Chothaigh an lárionad a dhlúthnaisc freisin leis an bpobal áitiúil, ag saothrú le héagsúlacht grúpaí agus eagrais áitiúil chomh maith leis na scoileanna áitiúla ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.

Tháinig taispeántas ag an Lárionad Léirithe ón gcomhshaothrú rí-rathúil le Lárionad Cuairteoirí Phortach Buaráí, a seoldadh mar chuid de na himeachtaí Cultúir arna reáchtáil ag Oifig Ealaíon Chontae Uíbh Fhailí. Cuireadh agallamh ar bheirt dár ndaltaí ar 'Encore', seó ealaíonn ar Midlands Radio 3 chun an imeacht a chur chun cinn



a bhí nasctha le saothar Michelle McKeon Bennett de bhunadh Chlóirthigh, eolaí a bhfuil a taighde ar sfagnam ar Phortach Chlóirthigh mar chuid de shaothar NASA i réimse an taighde ar phlandaí dá n-úsáid sa spás amach anseo. Bhí an Ealaín, an Bhithéagsúlacht, an Ceol, an Stair, an Nuálaíocht, an taighde, an obair foirne, an oiliúint um fheasacht pobail agus an mórtas áitiúil mar roinnt de ghnéithe an tionscadail sin ónar tháinig deimhniúchán QQI éagsúil do na daltaí freisin.

## Tionscnaimh Nua:

- D'éirigh leis na Socrúcháin Oibre Samhraidh do gach dalta i míonna an Mheithimh agus Iúil, agus na daltaí ag fáil taithí oibre luachmhaire i siopaí agus gnólachtaí sa phobal.
- D'éirigh thar barr leis an gclár NFTE (Líonra do Mhúineadh na Fiontraíochta) le Claire Grehan. Thóg agus dhíol an grúpa ba rathúla Boscaí d'Éin, agus bhí lá iontach acu ag an aonach ceardaíocht san R.D.S. mar ar dhíol siad a dtáirge go rathúil leis na tomhaltóirí.
- Bhí tús maith ag an Tionscnamh um Theicneolaíocht Chúntach, le gach dalta ag ceannach amach a iPad mini féin. Tá sé fós ag céim luath, ach tá na daltaí ag freagairt go rímhaith dá n-úsáid sa seomra ranga.
- Tugadh isteach Teicneolaíocht na Meán Digiteach ag QQI Leibhéal 4 isteach go rathúil don dalta.
- Tugadh isteach BKSB freisin mar chuid dár bplean Litearthachta agus Uimhearthachta.

## Seirbhís Oideachais Phobail

### LAOISE

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise, Tower Hill, Port Laoise, Co. Laoise.

Áisitheoir Oideachais Phobail: Teresa McEvoy

Fón: 057 8661890 Ríomhphost: tmcevoy@loetb.ie

Is próiseas foghlama agus athraithe atá san Oideachas Pobail atá fréamhaithe sa phobal, agus leis an aidhm chun cur le cumas na bpobal áitiúil chun foghlaim dhinimiciúil agus inrochtana a dhéanamh i gcomhshaol neamhbhagarthach. Gnóthaítear an méid sin go príomha le gníomhaíochtaí neamhacadúla, a chuidíonn leis an ngrúpa chun an fhoghlaim a chur leis an taitneamh. Is iondúil go maireann na ranganna ar feadh 6 - 10 seachtaine ag tráthanna agus ag ionaid a oireann do na rannpháirtithe.

### Líon iomlán na nDaltaí sa bhliain 2016:

(Fireann: 192, Baineann: 646) 828

### Éachtaí sa bhliain 2016:

- Seachtain Feasachta Meabhairshláinte i gcomhar leis an HSE.
- Saothraíodh i gcompháirt le gníomhaireachtaí áitiúla ar nós an HSE, DSP, Comhpháirtíocht Laoise, Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, Gluaiseacht an Lucht Siúil in Uíbh Fhailí, Comhpháirtíocht Spóirt Laoise, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Ionaid Teaghlaigh agus Acmhainní chun cúrsaí a sholáthar.
- Grúpa Fear Óg Phort Laoise bunaithe, dírithe ar dhaoine 18 - 25 bliain d'aois le fadhbanna andúile. Ba mar chuid den chlár a sheachadamar cúrsaí i nDeisiúcháin Gléasanna Beaga agus sa Bhunchócaireacht.

### UÍBH FHAILÍ

Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór, Foirnính an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.

Áisitheoir Oideachais Phobail: Michelle Shanahan

Fón: 057 9349441 Ríomhphost: mshanahan@loetb.ie

- Seachadadh an chéad chlár do Nuálaithe Pobail do ghrúpa i Móinteach Mílíc chun tacú le feasacht pobail sna heastáit tithíochta Údaráis Áitiúil.
- Fuair an Tionscadal Offaly Buidling Healthy Communities Gradam Sláintiúil Uíbh Fhailí ó Líonra Náisiúnta na gCathracha agus na gContaetha Sláintiúla.
- Forbraíodh clár nua i Móinteach Mílíc i gcomhpháirt le MDA agus le Comhpháirtíocht Laoise lenar bhain cónaitheoirí na n-eastát údaráis áitiúil. Ba í aidhm an chlár sin chun dlúthbhaint ní ba mhó an phobail a chothú laistigh de chónaitheoirí na n-eastát úd.
- Saothraíodh go dlúth le grúpaí fear in Éadan Doire, Beannchar, Clóirtheach, Tulach Mhór agus sa Lios Dearg chun clár a fhorbairt d'athchóiriú troscáin, tógáil canúnna, ceardaíocht adhmaid agus aclaíocht agus sláinte na bhfear.
- Seachadadh Clár Foghlama Ginearálta Leibhéal 2 i mBiorra do mhná an Lucht Siúil i gcomhar le Gluaiseacht an Lucht Siúil in Uíbh Fhailí.
- Seachadadh cúrsa gairneoireachta do bhaill Chomhairle Pobail Chluain na Slí chun an sráidbhaile a fheabhsú ach bláthanna agus toir a phlandú, agus bláthbhoscaí fuinneoige agus bláithchiseáin ar crochadh. Bhí tionchar dearfach ag an toradh foriomlán ar na cónaitheoirí agus ar an gcomhshaol.



## Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire

Ascaill na Siúrach Seanán, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí. Teagmháil: Margaret Sheridan  
Fón: 046 9732091/085 8773842 Ríomhphost: edenderryfet@loetb.ie

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadain Doire réimse roghanna do luathfhágálaithe scoile ag QQI Leibhéil 3 & 4 ar an NFQ. Is éard is aidhm leis an gclár chun na croí-scileanna a theastaíonn don fhoghlaim, agus chun na daltaí a ullmhú chun breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn.

### Daltaí:

20 dalta.

### Ábhair thairgthe:

#### QQI LEIBHÉAL 3

- An Chumarsáid
- Mata Feidhmeacha
- Feidhmeanna Uimhreacha
- Litearthacht Ríomhaireachta
- Próiseáil Focal
- Adhmadóireacht,
- Feasacht Sláinte agus Sábháilteachta
- Cothú agus Roghanna Sláintiúla
- Arán, Cístí agus Milseoga
- Cócaireacht don Bhricfeasta
- Scileanna Báisín
- PIPS (SPHE)
- Tabhairt Aire do Leanaí

#### QQI LEIBHÉAL 4

- An Chumarsáid
- Mata Feidhmeacha
- Taithí Oibre
- Oilteachtaí TF
- Próiseáil Focal
- Feidhmchláir Ríomhairí
- Ceardaíocht Adhmaid
- Sábháilteacht sa Láthair Oibre
- Cócaireacht ar Ordú (nua)
- PIPS
- Cúram Leanaí agus Sábháilteacht
- An Dearadh

### Creidiúnú:

Tharla na measúnuithe QQI i míonna na Bealtaine agus Dheireadh Fómhair 2016, leis na Foghlaimeoirí ag fáil creidiúnaithe i réimse leathan modúl. Tugadh creidiúnú go rathúil i leith go leor modúl, le 3 foghlaimeoirí ag fáil Mórdhámhachtana Ginearálta Foghlama ag Leibhéal 4, agus, fuair 8 foghlaimeoirí Mórdhámhachtain Ghinearálta Foghlama ag Leibhéal 3. Gnóthaíodh 24 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 3 agus 4 araon freisin.

Ghlac na foghlaimeoirí rannpháirt freisin i roinnt clár creidiúnaithe QQI ar nós:

- An clár Pas Sábháilte
- Oiliúint um Láimhsiú
- An Clár Bia Sábháilte
- Na Gradaim GAISCE ag leibhéal cré-umha
- ‘Healthy Food Made Easy’ i gcomhair leis an HSE agus le Cuideachta Chomhpháirtíocht Laoise.

### **Clár NFTE (Líonra do Mhúineadh na Fiontraíochta):**

Ba iad Foróige a sholáthair an clár oideachais agus forbartha óige sin mar chuid dá gClár Fiontraíochta Óige. D'oibrigh daltaí le Claire Grehan, Oibrí Óige Fiontair, agus rinne siad staidéar ar gach gné de thionscnamh agus reáchtáil rathúil gnólachta. Rith éagsúlacht smaointe gnó leo, d'fhorbair agus dhear siad a dtáirgí agus cheap siad pleananna gnó. Bronnadh a dteastais ar na daltaí tar éis dóibh an clár a chríochnú go rathúil.

### **Gníomhaíochtaí Seachchuraclaim sa bhliain 2016 lenar áiríodh:**

- Aistear chun Páirc an Chrócaigh do cheiliúrthaí céad bliain ó 1916
- Freastal ar an gComórtas Treabhdóireachta Náisiúnta i dTulach Mhór
- Aistear chun OEC Bhiorra thar oíche mar chuid den Ghradam Gaisce
- Aistear chun teach Ufailli mar chuid den Ghradam Gaisce
- Laethanta Oscailte i gcoláistí comharsanacha agus i Lárionaid Bhreisoideachais.
- Aistear chun bualadh le Conor Maher ó ‘Mind over Maher’ mar chuid de chlár NFTE



## Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic

Sráid an Chalafoirt, Móinteach Mílic, Co. Laoise

Teagmháil: Joe Thompson Fón: 057 8624196 Ríomhphost: [mountmellickfet@loetb.ie](mailto:mountmellickfet@loetb.ie)

### Clár Lánaimseartha: (24 Dalta)

- Teastas QQI Leibhéal 3 i Scileanna Infhostaitheachta
- Teastas QQI Leibhéal 4 i Scileanna Infhostaitheachta

### Cláir Pháirtaimseartha:

- Leibhéal 5 Cúram Leanaí agus Oideachas: (9 Daltaí)
- Leibhéal 6 Cúram Leanaí agus Oideachas: (8 Daltaí)

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic réimse clár oideachasúil agus gairmiúil pearsanta don phobal agus don chontae áitiúil. Áirítear leis na heochairchláir i láthair na huaire:

**Clár Ógtheagmhála:** ina dtairgtear roghanna do luathfhágálaithe scoile ag QQI Leibhéal 3 agus 4 ar an NFQ. Is éard is aidhm leis an gclár chun na croí-scileanna a theastaíonn don fhoghlaim, agus chun na daltaí a ullmhú chun breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn.

**QQI Leibhéal 5 & 6 Luathchúram Leanbhaoise agus Oideachas:** ina soláthraítear cúrsa oscailte d'aoisigh ar mian leo teacht ar ais san oideachas, agus fostaíocht a shlánú in earnáil an chúraim leanaí ag obair le leanaí idir breith agus 6 bliana.

### Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh:

Chonacthas for-rochtain sa chlár sin le Lárionad Mhóinteach Mílic d'aoisigh ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí ar mian leo a gcuid léitheoireachta,

scribhneoireachta, litrithe agus mata nó scileanna ríomhaireachta a fheabhsú.

### Creidiúnú sa Chlár Ógtheagmhála:

- Teastas QQI Leibhéal 3 Foghlama Ginearálta  
Mórdhámhachtainí: 3 / Teastais Chomhchodanna: 0
- Teastas QQI Leibhéal 4 i Scileanna Miondíola  
Mórdhámhachtainí: 8 / Teastais Chomhchodanna: 4

### Creidiúnú cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC):

- QQI Leibhéal 5 Luathchúram Leanbhaoise agus Oideachas  
Mórdhámhachtainí: 8 / Teastais Chomhchodanna: 1
- QQI Leibhéal 6 Luathchúram Leanbhaoise agus Oideachas  
Mórdhámhachtainí: 7 / Teastais Chomhchodanna: 1

### Cláir & Tionscnaimh Eile:

Ghlac an Lárionad rannpháirt i roinnt clár neamhdheimhnithe agus deimhnithe sa bhliain 2016 lenar áiríodh:

- **Clár Gairmthreorach:** Ceapadh duine Acmhainní Treorach chun tacú le cláir reatha an ullmhaithe do ghairmréimeanna, taithí oibre agus pleanáil ghairmréime sa lárionad. Tairgeadh tacaíocht aonair do dhaltaí le gach gné dá n-ullmhú gairme, tugadh tacaíocht dóibh chun dul ar aghaidh agus soláthraíodh na scileanna agus an t-eolas dóibh chun gairmréim nó slí oiliúna a aithint dóibh féin.
- **Bogscileanna:** Áiríodh Clár Bogscileanna le tráthchlár an lárionaid. Ghlac gach ball foirne rannpháirt ag seachadadh an chláir, ag cur le chéile ábhar teagaisc agus foghlama, pleananna ceachtanna ón gclár bogscileanna MASS, agus



nascadh le Creatlach Bogscileanna Ógtheagmhála. Áiríodh leis na heochair-bhogscileanna ar ar díriodh inspreagadh, béasa, iompair agus dearcthaí, agus an chumarsáid.

- **Clár Samhraidh i Scileanna Foirgníochta i Mount Lucas:** Rinne na foghlaimeoirí cúrsa Scileanna Foirgníochta Leibhéal 2 ag City and Guilds, bunaithe sa Lárionad Oiliúna Náisiúnta um Fhoirgníocht i Mount Lucas. Áiríodh leis na heochairsclaenna a foghlaimíodh an tileáil, an phluiméireacht, agus an bhríceadóireacht. Ina theannta sin ab amhlaidh a deimhníodh daltaí sa Phas Sábháite, sa Láimhsiú agus sa tSláinte agus sa tSábháilteacht.
- **Clár an Tionscnaimh um Riachtanais Oideachais Speisialta (SENI):** Cheadaigh SENI do thairiscint cláir mheantóireachta do gach dalta sa lárionad. Soláthar seisiún meantóireachta rialta agus forbairt plean gnímh aonair (IAP) lenar ceadaíodh chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar eochairspricanna oideachasúla, pearsanta agus gairmiúla.
- **Clár Litearthachta & Uimhearthachta:** Rinneadh measúnú ar na daltaí ag baint leasa as an gCóras BKSB. Ba leis an tástáil a múnlaíodh clár agus pleananna na dteagascóirí, agus an tacaíocht 1:1 a tairgeadh do na foghlaimeoirí ina gclár.
- **Clár an tSamhraidh:** Rinneadh measúnú ar na daltaí ag baint leasa as an gCóras BKSB. Ba leis an tástáil a múnlaíodh clár agus pleananna na dteagascóirí, agus an tacaíocht 1:1 a tairgeadh do na foghlaimeoirí ina gclár.
- **Aistear Eachtraíochta Lasmuigh:** Rinne 14 dalta lá eachtraíochta lasmuigh i Lárionad Eachtraíochta Bhiorra. Rinne foghlaimeoirí gníomhaíochtaí ar nós ziplíneála, rópadóireachta anuas, sacair dhaonna, dreapadóireachta laistigh, cispheile agus gníomhaíochtaí tógála foirne. Forbraíodh le gníomhaíocht an lae fachtóirí aclaíocht, sláinte fisiciúla agus folláine ag aon tráth amháin le saothrú ar scileanna ceannaireachta agus teanntáis srl.
- **Ceardlann Faisnéise HSE um Fheasacht faoin gCaitheamh Tobac:** Maidin faisnéise ag spreagadh feasacht faoi chontúirtí agus tionchar chaitheamh an tobac ar do shaol a tharla sa Lárionad i mbliana.

B'idirghabháil dhíreach í sin a d'iarr roinnt de na daltaí sa lárionad ar spéis leo éirí as caitheamh an tobac agus/nó faisnéis a thiomsú faoin ábhar sin dóibh féin nó do dhaoine muinteartha leo. Clúdaíodh sa cheardlann idirghníomhach staitisticí um chaitheamh tobac, tráthanna na gceist, Ceisteanna & Freagraí agus tástáil don aonoscaid charbóin.

- **An Ghruagaireacht agus Fótasheisiún:** Rinne 8 daltaí an ghruagaireacht agus an fótasheisiún lenar bhain saothrú ar scileanna stíleála gruaige, scileanna le custaiméirí, an uas-stíleáil, dathú agus níochán. Tugadh an deis do bhaill ón bpobal áitiúil chun bheith stíleáilte ag na daltaí. Tháinig fótasheisiún ina dhiaidh air sin. D'éirigh thar cionn leis, agus cuireadh an ghruagaireacht agus an bhearbóireacht á gcur ar an tráthchlár don bhliain seo chugainn.
- **Taithí Oibre:** Bhí an deis ag na daltaí a ghlac rannpháirt sna modúil um ullmhú gairme agus taithí oibre chun dul i ngleic leis an saol oibre agus chun taithí oibre luachmhar a ghnóthú.
- **Comóradh 1916:** Ba mar chuid de cheiliúrthaí 1916 a ghlac idir dhaltaí agus bhaill foirne rannpháirt sa chomóradh 1916 i bPáirc an Chrócaigh. Cuireadh searmanas ardaithe brataí leis sin ag an Lárionad chun an imeacht a chomóradh. Eagraíodh aistear mar chuid de freisin ar Phríosún Chill Mhaighneann inar tugadh turas cuimsitheach agus oilte do gach dalta faoi éirí amach 1916.

## Oiliúint Foirne & Ceardlanna:

Soláthraíodh an oiliúint do na baill foirne nó do dhaoine aonair ag saothrú i limistéar sonrach. Soláthraíodh oiliúint um: oiliúint agus forbairt QQI, sa Litearthacht agus san Uimhearthacht, Aitheasc faoin tSábháilteacht, Feasacht faoin Disléisce, Oiliúint um Aireachas, Oiliúint Meantóireachta Líne Tosaigh agus Taithí Oibre.



**loetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

# Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúl an tSúdaire

Stráid na Breac-Chluana, Cúl an tSúdaire, Co. Laoise.

Teagmháil: Margaret Morrin Fón: 057 8623161 Ríomhphost: [portarlingtonfet@loetb.ie](mailto:portarlingtonfet@loetb.ie)

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúl an tSúdaire clár lánaimseartha agus páirtaimseartha araon d'oideachas dara seans nó chun athoiliúint agus uasghrádú scileanna. Is é an clár lánaimseartha, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), an príomhchlár ag an lárionad do dhaoine dífhostaithe fadtéarmacha. Foráiltear do dhaichead dalta sa lárionad i láthair na huaire. Cistítear an soláthar páirtaimseartha leis an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas (BTEI). Ligtear leis an gcistiú sin do dhaoine chun staidéar ar bhunús páirtaimseartha agus chun a liúntas leasa shóisialaigh a chothabháil, nó chun obair ná staidéar a dhéanamh ar bhunús páirtaimseartha.

Is Lárionad Oiliúna Deimhnithe ag Sage é an Lárionad i gcomhar le Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann.

## Daltaí:

Lánaimseartha: 46 / Páirtaimseartha: 98

## Clár Chreidiúnaithe QQI 2016:

Lánaimseartha agus Páirtaimseartha

QQI Leibhéal 4 - Filleadh ar an bhFoghlaim agus rochtain ar scileanna oifige

QQI Leibhéal 5 - Tacaíocht Cúraim Shláinte

QQI Leibhéal 5 - Staidéir Ghnó

## An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Ardteistiméireacht

## QQI Creidiúnaithe

Páirtaimseartha amháin

QQI Leibhéal 5 -Luathchúram Leanbhaoise agus Oideachas

## Neamh-Chlár QQI

Dámhachtain Sainchuspóra

Teastas do Theicneoirí Cuntasaíochta (Bliain Amháin)

Dioplóma do Theicneoirí Cuntasaíochta (Dhá Bhliain móide Taithí Oibre)

## Gnóthachtálacha Eile

Ghnóthaigh Lorraine Thompson, Uasal, mac léinn is Teicneoir Cuntasaíochta sa dara bliain, an 10ú háit sa Scrúdú Náisiúnta do Theicneoirí Cuntasaíochta Éireann. Ghnóthaigh dalta na hArdteistiméireachta trí A ag ardleibhéal ina gcuid torthaí scrúdaithe. Bhain líon ard daltaí fostaíocht san earnáil cúraim shláinte, sna hearnálacha cúraim leanaí agus seirbhísí airgeadais.

# Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise

Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. na Laoise.

Teagmháil: Kathleen Dunne Fón: 057 8623161 Ríomhphost: portlaoisefet@loetb.ie

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise réimse cuimsitheach cúrsaí idir an fhoghlaim pháirtaimseartha agus staidéar lánaimseartha, ag dul i dtreo an ard-oideachais, na hoiliúna nó na fostaíochta.

Reáchtálann an lárionad cúrsaí istoíche ar tháille freisin, idir chúrsaí caithimh aimsire agus QQI Leibhéal 5 agus 6. Tairgeann Lárionad For-rochtana Tríú Leibhéal Laoise i gcomhair leis an Foras Riaracháin Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Poiblí NFQ Leibhéal 8, arna chreidiúnú ag UCD ar bhunús páirtaimseartha sa lárionad.

## Clárúcháin:

Ranganna Istoíche 136: Litearthacht & Seirbhísí ESOL 792 / BTEI 115

## Seirbhísí i Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise:

- An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach - AEGIS
- Oideachas Pobail
- Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh
- An Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas – BTEI
- Seirbhís Réigiúnach um Scileanna Oibre

## Cúrsaí ar fáil i Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise:

### OIDEACHAS POBAIL

- Cúrsaí réamhfhobartha neamhchreidiúnaithe

### LITEARTHACHT

- Litearthacht aonair
- Litearthacht neamhchreidiúnaithe, uimhearthacht agus cúrsaí TF
- Cúrsaí QQI Leibhéal 1-3
- Scileanna don Obair – cúrsaí chun daoine i bhfostaíocht a uas-scileáil
- ITABE – Dianteagasc an Bhunoideachais d'Aosaigh
- An Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile - ESOL

### BTEI

- QQI Leibhéal 4 i Scileanna Fostaíochta
- Béarla na hArdteistiméireachta

### EVENING FEE PAYING COURSES

- An Ealaín, An Spáinnis, An Beiriste, An Fhuáil, An Bheachaireacht, An Chróise agus cláir eile um chaithimh aimsire ag brath ar an éileamh.
- Cúrsa QQI Leibhéal 5 & 6 do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, Cúram do Dhaoine Scothaosta QQI Leibhéal 5 agus Scileanna Teicneolaíochta na Faisnéise QQI Leibhéal 5.



## Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise

Sráid an Iarnróid, Port Laoise, Co Laoise Teagmháil: Anne Malone

Fón: 057 8681005/6 Ríomhphost: portlaoiseyec@loetb.ie / amalone@loetb.ie

Tairgeann Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise réimse roghanna do luathfhágálaithe scoile ag QQI Leibhéil 3 & 4 ar an NFQ. Is éard is aidhm leis an gclár chun na croí-scileanna a theastaíonn don fhoghlaim, agus chun na daltaí a ullmhú chun breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht a chur chun cinn. Tairgeann an lárionad freisin BTEI Leibhéal 2 sa Chumarsáid agus sa Mhata trí thráthnóna na seachtaine do luathfhágálaithe scoile.

### Daltaí:

28 dalta: 14 fireann / 14 baineann.

### Creidiúnú:

- Teastas QQI Leibhéal 3 Foghlama Ginearálta  
Mórdhámhachtain: 3 daltaí  
Teastas Comhpháirte: 6 daltaí
- Teastas QQI Leibhéal 4 i Scileanna Infhostaitheachta  
Mórdhámhachtain: 1 dalta amháin  
Teastas Comhpháirte: 3 daltaí

### Cláir agus Tionscnaimh:

Soláthraíonn an Lárionad cláir phearsanta, oideachasúla agus gairmiúla ar fud a gclár Ógtheagmhála agus BTEI.

Ghlac Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise rannpháirt i roinnt clár neamhdheimhnithe agus deimhnithe sa bhliain 2016:

- Clár um Bainistiú & Feasacht Airgid:** Ba chomhthionscnamh é seo inar ghlac Banc na hÉireann agus na daltaí ag tabhairt faoi chlár 8 seachtaine ag clúdach ábhar ar nós tuiscint an airgid, an bhuiséadaithe, agus bainistiú na baincéireachta. Ghlac 14 dalta rannpháirt sa chlár san iomlán.
- Machnamh agus Clár Bainistithe Struis:** Ba í comhairle na ndaltaí a chuir i bhfeidhm an clár 8 seachtaine sin go díreach. Ba ghrúpa beag 8 daltaí a dhear agus a ghlac rannpháirt ann, faoi dhó in aghaidh na seachtaine i ranganna um thráthnóna le teagascóir sa lárionad. Ba chlár céimnithe é an **HeadSpace Programme** sin, inar ceadaíodh do dhaltaí chun dul i dtaithe ar bhunphrionsabail an mhachnaimh, agus ag an am céanna chun foghlaim conas faoiseamh a fháil ón strus ina ngnáthshaol laethúil.
- Clár Gairmthreorach:** Ceapadh duine Acmhainní Treorach chun tacú le cláir reatha an ullmhaithe do ghairmréimeanna, taithí oibre agus pleanáil ghairmréime sa lárionad. Tairgeadh tacaíocht aonair do dhaltaí le gach gné d'ullmhú a ngairme, tugadh tacaíocht leo chun dul ar aghaidh agus soláthraíodh scileanna agus eolas dóibh chun gairmréim nó slí oiliúna a aithint dóibh féin.
- Clár an Tionscnaimh um Riachtanais Oideachais Speisialta (SENI):** Cheadaigh SENI do thairiscint cláir mheantóireachta do gach dalta sa lárionad. Soláthar seisiún meantóireachta rialta agus forbairt plean gnímh aonair (IAP) lenar ceadaíodh chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar eochairspricanna oideachasúla, pearsanta agus gairmiúla.

- **Bogscileanna:** Áiríodh Clár Bogscileanna le tráthchlár an lárionaid. Ghlac gach ball foirne rannpháirt ag seachadadh an chláir, ag cur le chéile ábhar teagaisc agus foghlama, pleananna ceachtanna ón gclár bogscileanna MASS, agus nascadh le Creatlach Bogscileanna Ógtheagmhála. Áiríodh leis na heochair-bhogscileanna ar ar díriodh inspreagadh, béasa, iompair agus dearchtaí, agus an chumarsáid.
- **Clár Litearthachta & Uimhearthachta:** Rinneadh measúnú ar dhaltaí ag baint úsáide as an gCóras BKSB faoi dhó in aghaidh na bliana. Múnlaíodh clár agus pleananna na dteagascóirí leis an tástáil. Tairgeadh tacaíocht 1:1 leis an gclár do na foghlaimeoirí ina gclár.
- **Clár Samhraidh i Scileanna Foirgníochta i Mount Lucas:** Rinne na foghlaimeoirí cúrsa Scileanna Foirgníochta Leibhéal 2 ag City and Guilds, bunaithe sa Lárionad Oilíúna Náisiúnta um Fhoirgníocht i Mount Lucas. Áiríodh leis na heochairscilaenna a foghlaimíodh an tileáil, an phluiméireacht, agus an bhríceadóireacht. Ina theannta sin ab amhlaidh a deimhníodh daltaí sa Phas Sábháilte, sa Láimhsiú agus sa tSláinte agus sa tSábháilteacht.

## Gnóthachtálacha Eile:

- **Aistear Eachtrach:** Eagraíodh aistear chun na Polainne sa bhliain 2016. D'fhreastail 15 daltaí ar thuras 3 lá chun Kraków. Áiríodh leis na heochairláithreacha ar ar tugadh cuairt An Chearnóg Lárnach Mhór, mianaigh shalainn Wieliczka agus Sluachampa Géibhinn Auschwitz Birkenau.
- **Táirgeadh Meán Digiteach:** Ba chur chuige comhoibríoch é sin chun físeán feasachta a léiriú agus a sheachadadh faoin lárionad. Ba léiriú a bhí san fhíseán ar an gcaoi ar a mbreathnaítear

ar Ógtheagmháil trí shúile na ndaltaí. Fuair 13 daltaí an deis chun taithí a fháil ar léiriú ceamaraí, eagarthóireacht, aisteoireacht agus soilsiú. Ceadaíodh d'fhoghlaimeoirí sa léiriúchán freisin chun cáiliú i gcomhair QQI Leibhéal 3 i scileanna físeáin.

- **Lá Oscailte Idirghníomhaireachta:** D'fheidhmigh an lárionad mar óstach do lá oscailte idirghníomhaireachta i gcomhair seirbhísí agus eagrais i gceantar Phort Laoise. Ba í an aidhm chun feasacht a spreagadh faoi na seirbhísí a thairgeann Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise, agus freisin chun comhpháirtíochtaí agus líonraí sa phobal amach anseo a chruthú agus a bhunú. D'fhreastail eagrais ar nós MABS, Eolas do Shaoránaigh, Block Project agus an HSE air.
- D'eagraigh an Lárionad maidin chaifé agus chiste do thuismitheoirí chun dul i ngleic agus naisc a chruthú le teaghlaigh agus pobal an cheantair.
- Ghlac ceathrar daltaí rannpháirt sa chomórtas Ealaíne agus Ceardaíochta a bhí dírithe ar fheasacht a spreagadh i leith drugaí. Rinneadh é sin thar thréimhse míonna, agus b'éigean do dhaltaí líníocht, pictiúr nó físeán a chruthú faoin ábhar sin.
- Ghlac Foireann Chomhairle na nDaltaí rannpháirt i saothar grúpa agus aonair timpeall roinnt ábhar reatha ar nós na meabhairshláinte i ndaoine óga, bearta pobail ina gcomharsanacht agus tionscadail feasachta comhshaoil.

## Oiliúint foirne:

Soláthraíodh an oiliúint don ghrúpa iomlán nó go sonrach do dhaoine aonair ag saothrú sa limistéar sin. Oiliúint agus forbairt QQI, oiliúint Gaisce, Oiliúint um Aireachas agus Machnamh, Oiliúint um Thaihtí Oibre agus NLP.



## Ionaid Oideachais Phríosúin

### Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre

Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise.

Múinteoir Maoirseach: Deirdre Dowling

Fón: 057 8672171 Ríomhphost: drdowling@ipsedu.ie

### Ionad Oideachais Phríosún Phortlaoise

Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise.

Múinteoir Maoirseach: Mark Kavanagh

Fón: 057 8672171 Ríomhphost: makavanagh@ipsedu.ie

Is é ETB Laoise agus Uíbh Fhailí a sholáthraíonn seirbhísí oideachais i bPríosúin Phort Laoise agus Lár na Tíre. Is iad an litearthacht, an uimhearthacht agus an soláthar bunoidreachais ghinearálta an tosaíocht, agus cuirtear cláir oideachais forleathana ar fáil arb iondúil go gcloíonn siad le cur chuige breisoideachais. Cuirtear cláir in oiriúint chun éagsúlacht na bpríosúnach agus cineál casta an tsaoil sa phríosún a léiriú. Bíonn cúrsaí Teastais Shóisearaigh agus Ardteistiméireachta, agus cláir FETAC idir Leibhéal 1 agus 6, ar fáil.

Is é ETB Laoise agus Uíbh Fhailí a sholáthraíonn seirbhísí oideachais i bPríosúin Phort Laoise agus Lár na Tíre. Is iad an litearthacht, an uimhearthacht agus an soláthar bunoidreachais ghinearálta an tosaíocht, agus cuirtear cláir oideachais forleathana ar fáil arb iondúil go gcloíonn siad le cur chuige breisoideachais. Cuirtear cláir in oiriúint chun éagsúlacht na bpríosúnach agus cineál casta an tsaoil sa phríosún a léiriú. Bíonn cúrsaí Teastais Shóisearaigh agus Ardteistiméireachta, agus cláir FETAC idir Leibhéal 1 agus 6, ar fáil.

### Daltaí:

1,541

### Creidiúnú gnóthaithe:

An Ardteistiméireacht: 6 Ábhar, 13 daltaí.

An Teastas Sóisearach: 3 Ábhar, 18 daltaí.

### CREIDIÚNÚ QQI

- 20 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 1 QQI / 1 Mórdhámhachtain ag Leibhéal 1 QQI
- 48 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 2 QQI
- 195 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 3 QQI / 3 Mhórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 3
- 61 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 4 QQI
- 98 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 5 QQI / 1 Mórdhámhachtain ag QQI Leibhéal 5
- 6 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 6 QQI / 1 Mórdhámhachtain ag Leibhéal 6 QQI

### CREIDIÚNÚ EILE

- Comhaltas Ceoilteoirí Éireann – 4 foghlaimeoirí: An Ceol
- Cumann na nOifigeach Sláinte Comhshaoil – 10 foghlaimeoirí ar chúrsa Sláinteachais Bhia
- An Teastas Sóisearach 2016 – 2 foghlaimeoirí: Ábhair – Mata & Béarla
- An Ardteistiméireacht 2016 – 2 foghlaimeoirí: Ábhair – Béarla & Fraincis
- Coláiste Oscailte – 6 foghlaimeoirí
- Ollscoil Oscailte – 9 foghlaimeoirí
- Ord Mhálta – 14 foghlaimeoirí – An Gharchabhair
- An Chros Dhearg – 14 foghlaimeoirí: Clár na Croise Deirge
- Rockskool – 2 foghlaimeoirí: An Ceol
- Ollscoil Caerdydd: 1
- Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann – 10 foghlaimeoirí

## Seirbhísí Oiliúna

**LOETB, Oifig Riaracháin, Bóthar an Droma, Port Laoise, Co. Laoise.**

**Teagmháil: Pádraig Boland, Bainisteoir Oiliúna**

**Fón: 057 861530 or 087 9155394 Ríomhphost: [pboland@loetb.ie](mailto:pboland@loetb.ie)**

Ghlac LOETB freagracht as soláthar na hoiliúna, agus as bainistiú na bPrintíseachtaí i Laois agus in Uíbh Fhailí an 1 Márta 2016. Is eochairchuid de chumas LOETB í an oiliúint chun foghlaimeoirí, pobail, agus fostóirí a fheidhmiú i réimse leathan clár agus tionscadal Breisoideachais agus Oiliúnta (FET) ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Glactar chuir chuige comhpháirtíochta san oiliúint ina n-aithnítear éilimh na bhfostóirí agus an tionscail, na bpobal áitiúil, agus na bhfoghlaimeoirí mar an dream is tábhachtaí - agus pleanáiltear freagraí solúbtha, inrochtana agus straitéiseacha a éascíonn do agus a thacaíonn le rochtain, aistriú agus dul chun cinn soiléir d'fhoghlaimeoirí, isteach san fhostaíocht sa deireadh thiar.

Seachadann LOETB an oiliúint trína chúig limistéar freagrachta ar leithligh, ach ar idirnasctha iad;



## Oiliúint ar Conradh

**Teagmháil: Yvonne Foy, Oifigeach Oiliúna, Oiliúint ar Conradh**

**Fón: 057 8671543 Fón Póca: 085 8773741 Ríomhphost: yfoy@loetb.ie**

Múnlaítear an Soláthar Oiliúna faoin Oiliúint ar Conradh ag tírdhreach an mhargaidh shaothair laistigh den dá chontae, ag éilimh shonracha na ndaoine dífhostaithe, tearfhostaithe nó na ndaoine i bhfostaíocht óna dteastaíonn scileanna nua nó feabhsaithe.

Táthar tar éis na cláir seo a leanas faoin Oiliúint ar Conradh a fhorbairt le linn na bliana 2016:

- Mar fhreagra d'éilimh náisiúnta an tionscail; tionscnaíodh ceithre chlár san fhoirgníocht sa bhliain 2016, le 68 foghlaimeoir gafa leo, mar fhreagra díreach ar an nganntanas scileanna náisiúnta múnla. Táthar tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar an gclár píolótach sin a chríochnú – ónar tháinig idirdhealú an tsoláthair sa bhliain 2017; Oibrí Ginearálta agus Múnla le LOETB ag glacadh freagracht as rannpháirtíocht na bhfostóirí agus as an gclár socrúchán oibre.
- Mar fhreagra d'éilimh na gcliant DSP áitúil; forbraíodh Oiliúnachtaí sa Tacaíocht Cúraim Shláinte agus sa Teiripe Scéimhe araon - ach athraíodh an croí-ábhar traidisiúnta go mór, tar éis comhairliúcháin le fostóirí áitiúla, chun roghanna infhostaitheachta foghlaimeoirí a fheabhsú.
- Mar fhreagra d'éilimh chliant Turas Nua; forbraíodh 2 ghearrchlár miondíola lenar comhtháthaíodh modúl do Chúntóir ag Cuntar Leighis arna dheimhniú ag Aontas Cógaisíochta na hÉireann.
- Chun slí ghairme ghairmiúil a chur ar a súile do luathfhágálaithe scoile; buntús an Chláir Foirgníochta arna fhorbairt d'fhoghlaimeoirí Ógtheagmhála/ Lárionaid Oiliúna Pobail chun slite chun na hoibre a thaiscéaladh.

Is amhlaidh go hachomair atá an LOETB tar éis clár oiliúna conartha a fhorbairt san fhoirgníocht i rith na bliana 2016, a bhfuil SOLAS tar éis é a ardú chuig stádas cláir náisiúnta, d'athraigh sé ábhar chlár na hOiliúnachta Scéimhe agus na Tacaíochta Cúraim Shláinte chun éilimh athraitheacha an mhargaidh agus an fhoghlaimeora a léiriú – tá roinnt Lárionad Oiliúna agus ITEC tar éis glacadh leis na hathruithe sa Teiripe Scéimhe ó shin i leith. Táthar ag díriú an tsoláthair um Thacaíocht Cúraim Shláinte anois, i bhfianaise na húsáide saoire a bhaintear as ag Leibhéal V, ar na scileanna agus na hoiliúna breise a thabhairt do chéimithe an chlár sin faoi mar a theastaíonn ó chomhlachtaí rialaitheacha. Tháinig dul chun cinn 83% chun na fostaíochta go díreach ó na hathruithe don soláthar oidhreachta um Tháthúchán, an lá ar chríochnaigh an clár agus fuair gach rannpháirtí tuillteanas inár gcéad úsáid de Mhodúl Déantúsaíochta Táthúcháin le City and Guilds.



## Printíseacht

**Teagmháil: Sandra Doyle, Comhairleoir Oiliúna Sinsearach**

**Fón: 057 8671545 Fón póca: 085 8598413 Ríomhphost: sdoyle@loetb.ie**

**Teagmháil: Niamh Desmond, Comhairleoir Oiliúna Sinsearach**

**Fón: 057 8671544 Fón póca: 085 2541789 Ríomhphost: ndesmond@loetb.ie**

Fuaireamar 155 printíseacht le hoidhreacht i mí an Mhárta 2016. Tháinig méadú orthu sin chuig 268 sa chéad bhliain, ar mhéadú faoi 72% é.

Tá tuairim 150 fostóir againn le printísigh reatha. Is iad na fostóirí aonair leis an líon printíseach is mó iad Bord na Móna (25 printíseach), Romaquip (14 printíseach) agus John Fletchers i gCúl an tSúdaire (9 printíseach). Is amhlaidh ámh a fhostaíonn an chuid is mó de na fostóirí printíseacht amháin i Laois agus in Uíbh Fhailí, rud a léiríonn cineál an mhargaidh shaothair sa réigiún. Tá na Printísigh go léir thuas ag glacadh rannpháirte sa Chlár Printíseachta Ceardaíochta traidisiúnta.

Tá LOETB tar éis forbairt printíseachtaí nua faoi cheannaireacht an tionscail a thapú. Tá printíseach amháin againn atá ag críochnú Céime Onóraí BA sa ghnó agus san árachas ag Campion Insurance isitgh i bPort Laoise. Tá Bord na Móna cláraithe do Phrintíseacht Leibhéal 7 d'Innealtóir Leictreach Tionsclaíoch.

Tá LOETB tar éis leibhéal na rannpháirtíochta le fostóirí reatha, printísigh nua agus fostóirí nuachláráithe a fheabhsú go mór. Tugadh aird ghéar ar chur fostóirí agus printíseach araon trínár bpróiseas clárúcháin, ag dul i ngleic lena bhfostóirí agus ag leagan caighdeán a theastaíonn faoin gClár Náisiúnta agus ó LOETB féin.

Tá ionchur na gcomhghleacaithe sa Bhreisoideachas tar éis tacaíochtaí rathúla a chumasú á soláthar do phrintísigh a mbaineann dua dóibh le gné acadúil na printíseachta. Bhain tábhacht faoi leith leis na Mata do Cheirdeanna, le 10 printíseach ag freastal air agus 10 breise ar liosta feithimh do Mheán Fómhair 2017.

- Thug LOETB faoi anailís ar éilimh scileanna le Bord na Móna inar aithníodh éilimh oiliúna TF d'fhostaithe reatha.
- Forbraíodh cláir neamhchreidiúnaithe bunaithe ar chomhairliúchán le fostóirí agus le fostaíthe.
- Táthar ag seachadadh clár oiliúna faoi láthair ag trí shuíomh le Bord na Móna ag tráthanna agus dátaí an fhostóra agus na bhfostaithe.

## Seirbhísí Fostóra

**Teagmháil: Jolene Hall, Oifigeach Oiliúna, Seirbhísí Fostóra**

**Fón: 057 8671310 Fón Póca: 085 2539167 Ríomhphost: jhall@loetb.ie**

D'earcaigh LOETB Oifigeach Seirbhísí Fostóirí i mí Dheireadh Fómhair 2016, atá ag dul i ngleic le fostóirí i láthair na huaire chun oiliúint a fhorbairt chun an fhoghlaim sa láthair oibre sa réigiún a fheabhsú – ag tairiscint scileanna breise dóibh siúd atá sa mhargadh saothair i láthair na huaire. Is é LOETB a pháirtchisteoidh na clár chun scileanna a fheabhsú inár réigiún mar a mbíonn bearnaí aitheanta ann.

Is ar bhunús samhla arna forbairt le Bord na Móna atáthar ag pleanáil na hoiliúna:



# loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Laoise agus Uíbh Fhailí  
Laois and Offaly  
Education and Training Board

## Oiliúint Pobail

**Teagmháil: Lisa McEvoy, Oifigeach Oiliúna Pobail**

**Fón: 057 8671542 Fón Póca: 085 8867945 Ríomhphost: [lmcevoy@loetb.ie](mailto:lmcevoy@loetb.ie)**

### Lárionad Oiliúna Pobail

Saothraíonn LOETB i gcomhpháirt le Lárionad Oiliúna Pobail Thulach Mhór (CTC) chun oiliúint phobalbhunaithe a sholáthar do luathfhágálaithe scoile mar chuid den chlár Ógtheagmhála náisiúnta. Is eagrais neamhspleácha pobalbhunaithe iad na Lárionaid Oiliúna Pobail a sholáthraíonn oiliúint agus tacaíochtaí gaolmhara do luathfhágálaithe scoile idir aoiseanna 16 – 21 bliain den chuid is mó a d'fhág an scoil gan cáilíochtaí foirmiúla ná le cinn neamhchríochnaithe. Táthar ag feabhsú na gclár ag an lárionad chun aird níos mó a dhíriú ar fhorbairt scileanna ar dócha iad bheith oiriúnach do na deiseanna fostaíochta inrochtana; agus tá LOETB ag taiscéaladh leis an mBord Bainistíochta ag CTC Thulach Mhór, chun na saoráidí a fheabhsú lena gcumasófar soláthar istoíche ag an lárionad.

### Tionscnamh Oiliúna Áitiúil (LTI)

Is ionann clár LTI agus clár oiliúna pobalbhunaithe a dhírítear ar dhaoine idir 16-25 bliain d'aois a bhíonn faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, sóisialta, ó thaobh na tíreolaíochta nó an oideachais de. Is í aidhm fhoriomlán an chláir LTI chun cúnaimh le daoine dífhostaithe, nach bhforáiltear dóibh trí idirghabhálacha eile le LOETB, chun druidim i dtreo fostaíochta ach oiliúint phobalbhunaithe agus taithí oibre a sholáthar óna dtiocfaidh cáilíochtaí aitheanta náisiúnta. Tá Conradh ag Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí (mar an Dara Soláthraí) chun na Cláir LTI a sheachadadh i mBiorra, Beannchar agus Éadan Doire; agus tá LOETB tar éis bheith ag saothrú le Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise chun dá LTI nua fhorbairt le linn na bliana 2016 - Tacaíocht Lónadóireachta i Móinteach Mílic agus Scileanna Fostaíochta (Deisiúcháin agus Cothabháil) i Maighean Rátha.

### Clár Sain-Oiliúna (STP)

Tugann LOETB Conradh don Líonra Náisiúnta Foghlama chun cláir oiliúna a sheachadadh do dhaoine le míchumais. Tairgeann na cláir sin tacaíocht níos déine ná mar a bhíonn ar fáil sa soláthar oiliúna neamh-speisialtóireachta. Agus é ag feidhmiú as a Lárionaid Oiliúna istigh i bPort Laoise agus i dTulach Mhór is amhlaidh a sholáthraíonn an NLN réimse sainchúrsaí a bhíonn ar fáil ag dhá leibhéal oiliúna: Réamh-Oiliúint i Scileanna (IST) agus Oiliúint ar Sonrach do Scil 1 (SST). Áirítear leis an soláthar oiliúna speisialtóireachta cur chuige laistigh den lárionad, fostóir-bhunaithe agus cumaiscthe chun cóiríú d'éilimh oiliúna na bhfoghlaimoirí.

Is amhlaidh atá LOETB tar éis bheith ag saothrú thar na trí chlár go léir faoin Oiliúint Pobail leis na soláthróirí chun a chinntiú go mbíonn gach clár dúshlánach do na foghlaimoirí is iomchuí.

## Lárionad Oiliúna Náisiúnta um Fhoirgníocht, Mount Lucas

**Teagmháil: John Kelly, Bainisteoir Lárionaid, An Lárionad Oiliúna Náisiúnta um Fhoirgníocht**  
**Fón: 01 533 2557 Fón Póca: 085 8598412 Ríomhphost: [jkelly@mountlucas.ie](mailto:jkelly@mountlucas.ie)**

Ba FÁS a thóg an Lárionad ag Mount Lucas thiar sa bhliain 2008. Ghlac LOETB freagracht as an lárionad i mí Eanáir 2016, leis an sprioc dhéach chun scileanna foirgníochta a fhorbairt d'óige agus do dhaoine dífhostaithe i Laois, Uíbh Fhailí agus sna contaetha máguaird, agus chun tacar scileanna na n-oibrithe le seantaithí a fhorbairt chun éilimh athraitheacha an tionscail a shásamh.

Clúdaítear le sainchúram an Lárionad oiliúint na n-oibrithe neamhcheardaíochta agus deimhniúchán na nIontrálaithe Nua agus na nOibrithe le Seantaithí isteach sa Teastas Náisiúnta i Scileanna Foirgníochta (CSCS). Tairgeann sé Clár Scileanna Foirgníochta don Fhostaíocht (Múnla) freisin atá saincheaptha d'éilimh an tionscail. Ina theannta sin is amhlaidh a riarann Mount Lucas an clár malartaithe CITB UL do shealbhóirí cárta CSCS Éireannacha ar mian leo aitheantas a fháil chun ligean dóibh chun obair sa RA ach Tástáil Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil (HSE) na Ríochta Aontaithe a chomhlánú, arb í an tástáil éigeantach réamhcheada í lena gcumasaítear cead isteach chun oibre ar shuíomhanna sa RA.

Chuaigh díreach faoi bhun 400 oiliúnaí trí Mount Lucas sa bhliain 2015, agus chonacthas 684 oiliúnaí san iomlán ag an lárionad sa bhliain 2016.

Táthar tar éis saoraidí an lárionaid a athchóiriú, le trealamh agus ábhair mhúnla ceannaithe chun a chinntiú go mbíonn an lárionad forásach sa limistéar sin.

Táthar tar éis an tacar gléasra agus innealra go léir, lena n-áirítear crann tógála uathúil, a uasghrádú; chun cur ar chumas Mount Lucas chun oiliúint a thairiscint san innealra beacht a mbeidh an t-oiliúnaí ag dúil lena fheiceáil ar an suíomh tógála. Soláthraítear an oiliúint ag Mount Lucas i gcomhshaoil oibre ionsamhlaithe. Tá os cionn 15 acra sannta don oiliúint san innealra anois, agus tá Áras Tógála

700m2 againn freisin as a mbaintear leas don oiliúint sna hinnill bheaga, agus atá in úsáid faoi láthair mar cheardlann do chlár Múnla. Leagtar amach gach limistéar ag an Lárionad sa chaoi go gcuirtear oiliúint ar rannpháirtithe i scileanna Foirgníochta i dtimpeallachtaí oibre réadúla.

Tá forbairt Plean Straitéisigh do Mount Lucas ar siúl faoi láthair le heochair-gheallsealbhóirí gafa leis ag feidhmiú mar ionadaithe do chisteoirí, soláthraithe agus lucht tionscail. Foilseofar an plean i rith na bliana 2017.



## Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór

Foirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Teagmháil: Michelle Shanahan, Bainisteoir Lárionad FET Thulach Mhór

